RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1444 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 14 Samhain 2022, thosaigh an Coimisiún Eorpach (an 'Coimisiún') iniúchadh frithdhumpála maidir le hallmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an PCR') agus na Tuirce iad ('na tíortha lena mbaineann'), bunaithe ar Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh an Coimisiún Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an Fógra Tionscnaimh').

(2) Rinne an Coimisiún an t-imscrúdú a thionscnamh tar éis do Laminados Losal S.A.U gearán a thaisceadh an 30 Meán Fómhair 2022 ('an gearánach'). Rinneadh an gearán thar ceann thionscal an Aontais le haghaidh plátaí ceannbheannacha cruach de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise a bhí sa ghearán maidir leis an dumpáil agus leis an díobháil ábhartha ba thoradh uirthi chun an t-imscrúdú a thionscnamh.

1.2. Clárúchán

(3) De bhun Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún allmhairí atá faoi réir imscrúdú frithdhumpála a chlárú le linn na tréimhse réamhnochta, mura mbíonn fianaise leordhóthanach aige de réir bhrí Airteagal 5 nach gcloítear leis na ceanglais faoi phointí (c) nó (d) d'Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(4) Níor iarr an gearánach clárú agus chinn an Coimisiún nár comhlíonadh na ceanglais faoi phointe (d) d'Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán. De bhreis ar leibhéal na n-allmhairí ba chúis le díobháil le linn na tréimhse imscrúdúcháin, níor tháinig méadú suntasach eile ar allmhairí ina dhiaidh sin.

(5) De bharr na gcúiseanna atá leagtha amach i roinn 4.3.1 thíos, chinn an Coimisiún na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann a charnadh chun críche na hanailíse a bhfuil cur síos uirthi sna haithrisí thuas. In anailís ar na sonraí a bhaintear as an mBunachar Sonraí Faireachais agus ar na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sna tíortha lena mbaineann gur tháinig laghdú de 2 % ar mhéid carnach na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann sna chéad cheithre mhí iomlána (i.e. ó Nollaig 2022 go dtí Márta 2023) tar éis thionscnamh an imscrúdaithe i gcomparáid leis na míonna céanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú de 15 % ar an meánmhéid míosúil d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na chéad cheithre mhí tar éis thionscnamh an imscrúdaithe i gcomparáid leis an meánmhéid míosúil d'allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach faoi réir clárúcháin faoi Airteagal 14(5a) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse réamhnochta.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le nós imeachta frithdhumpála i dtaca le hallmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, IO C 431, 14.11.2022, lch. 11.

1.3. **Páirtithe leasmhara**

(6) San Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach mar aon leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, allmhaireoirí aitheanta, soláthraithe agus úsáideoirí, trádálaithe, chomh maith le comhlachais fios iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh.

(7) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus iarraidh ar éisteacht leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.4. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(8) Tar éis an tionscnaimh, fuarthas tuairimí ó Rialtas na Tuirce, an táirgeoir onnmhairithe Turcach Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş ('Özkan Demir'), úsáideoir an Aontais Fincantieri S.p.A. ('Fincantieri') agus an t-allmhaireoir neamhghaolmhar Baglietto s.r.l. ('Baglietto').

(9) Mhaígh Rialtas na Tuirce agus Fincantieri araon, i measc nithe eile, go raibh an gearán ag brath an iomarca ar fhaisnéis rúnda, go háirithe maidir le leibhéal na mionsonraí a bhain le táscairí maicreacnamaíocha thionscal an Aontais, chomh maith le hiarscríbhinní áirithe a bhí ag gabháil leis an ngearán. Mhaígh an dá pháirtí nár leor mar sin an leagan neamhrúnda chun ligean do na páirtithe barúlacha fiúntacha a sholáthar ar na táscairí díobhála agus ar na líomhaintí arna leagan amach sa ghearán.

(10) Déantar foráil le hAirteagal 19 den bhun-Rialachán maidir le faisnéis rúnda a chosaint i gcúinsí ina mbeadh buntáiste suntasach iomaíochta ann d'iomaitheoir dá nochtfaí an fhaisnéis sin nó ina ndéanfadh an nochtadh dochar suntasach do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó do dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis. Ós rud é go mbaineann an gearán le faisnéis táirgeora Aontais amháin, nó le faisnéis an táirgeora Aontais sin i gcomhcheangal le faisnéis agus le staidreamh atá ar fáil go poiblí, chuir an gearánach na figiúirí ábhartha ar fáil i raonta fiúntacha ar chúiseanna rúndachta. Ar an gcaoi chéanna, sholáthair an gearánach leagan neamhrúnda de na hiarscríbhinní nó achoimre bhríoch ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil. Mheas an Coimisiún mar sin maidir leis an leagan neamhrúnda den ghearán a bhí ar fáil sa chomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara go raibh an fhianaise riachtanach go léir agus na hachoimrí neamhrúnda ar na sonraí rúnda a cheadaíonn do pháirtithe leasmhara a gcearta cosanta a fheidhmiú i gceart. Dá bhrí sin, diúltaíodh don maíomh sin.

(11) Chuir Rialtas na Tuirce agus Fincantieri araon i gcoinne cuimsiú na sonraí san anailís díobhála le haghaidh Laminorul S.A. ('Laminorul'), táirgeoir de phlátaí ceannbheannacha cruach ón Rómáin, a chuaigh i bhféimheacht agus a scoir den táirgeadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, tar éis a féimheachta, fuair cuideachta eile Laminorul ina sin, ach níor atosaigh sí a táirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach. De réir Rialtas na Tuirce agus Fincantieri, níor cheart go mbeadh na sonraí atá ar fáil do Laminorul curtha san áireamh sna figiúirí a cuireadh i láthair sa ghearán, toisc go ndeachaigh an chuideachta sin i bhféimheacht agus nach dtáirgeann sí plátaí ceannbheannacha cruach a thuilleadh. Níor cheart, dá bhrí sin, Laminorul a mheas mar chuid de thionscal an Aontais sa ghearán.

(12) Mheas an Coimisiún, áfach, go raibh Laminorul fós ina chuid de thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, cé nach raibh sé ina chuid de ar feadh na tréimhse iomláine. Ar an gcúis sin, bhí an ceart ag an ngearánach sonraí Laminorul a áireamh sa ghearán agus thug sé léiriú cruinn ar staid thionscal an Aontais ar feadh na dtréimhsí ábhartha. Ina theannta sin, chonacthas sna sonraí a cuireadh i láthair sa ghearán gur léiríodh treochtaí comhchosúla le formhór na dtáscairí, bíodh Laminorul san áireamh san anailís nó ná bíodh. Ar aon chuma, chuir an Coimisiún in iúl, san anailís a rinne sé le linn na tréimhse faoi bhreathnú don Rialachán seo, an éifeacht atá ag sonraí Laminorul ar staid díobhála thionscal an Aontais, nuair ab fhéidir.

(13) Thug Rialtas na Tuirce agus Özkan Demir barúlacha ar roinnt táscairí díobhála aonair a cuireadh i láthair sa ghearán, ag maíomh nár léirigh cuid de na táscairí staid dhíobhálacha thionscal an Aontais, nó go bhféadfadh fachtóirí eile seachas allmhairí ó na tíortha lena mbaineann arbh chúis leis an ngearán.

(14) Chuige sin, mheabhraigh an Coimisiún foclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán, ina sonraítear go mbeidh faisnéis sa ghearán maidir le hathruithe ar chainníocht na n-allmhairí a líomhnaítear a bheith dumpáilte, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna de tháirge dá samhail ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar a léirítear le fachtóirí ábhartha (ní gá na fachtóirí go léir). Bhí an fhaisnéis sin sa ghearán, a léirigh go raibh díobháil ann chomh maith le nasc cúisíoch le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann. Dá réir sin, mheas an Coimisiún go raibh dóthain fianaise sa ghearán chun díobháil agus nasc cúisíoch a thabhairt le fios, agus mar sin dhiúltaigh sé don éileamh.

(15) Déileáiltear le tráchtanna sonracha eile maidir le díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais, nach raibh baint dhíreach acu leis an tionscnamh, sna ranna ábhartha thíos (Ranna 4, 5 agus 7).

1.5. **Sampláil**

(16) San Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(17) I bhfianaise líon teoranta táirgeoirí plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas, d'fhógair an Coimisiún san Fhógra Tionscnaimh go gcuirfeadh sé ceistneoirí ar fáil don dá tháirgeoir amháin atá ar eolas de chuid an Aontais. As an dá tháirgeoir sin, níor thug ach Laminados Losal, S.A.U. (an gearánach) freagra ar an gceistneoir. Níor tháinig an dara táirgeoir de chuid an Aontais, Olifer spl., ('Olifer') arbh ionann é agus [15-25] % de tháirgeadh an Aontais, chun cinn le linn an imscrúdaithe. Mar sin, ní raibh an Coimisiún in ann leas a bhaint as sampláil ach d'úsáid sé sonraí an ghearánaigh agus rinne sé meastachán ar na sonraí le haghaidh Olifer agus Laminorul i gcás inarb ábhartha mar a mhínítear in aithris (147).

Sampláil na n-allmhaireoirí

(18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(19) Níor sholáthair ach allmhaireoir neamhghaolmhar amháin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, nach raibh gá le sampláil.

Táirgeoirí onnmhairithe i nDaon-Phoblacht na Síne a shampláil

(20) D'fhonn a aimsiú cibé an raibh nó nach raibh gá le sampláil agus, dá mb'amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i Dhaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu páirt a ghlacadh san imscrúdú.

(21) Chuir táirgeoir onnmhairithe amháin i nDaon-Phoblacht na Síne, Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus d'aontaigh sé a bheith curtha san áireamh sa sampla. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa Tuirc

(22) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh go bhfuil, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin san India an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Tuirce chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(23) Níor sholáthair ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa Tuirc, Özkan Demir, an fhaisnéis a iarradh a sholáthar agus d'aontaigh sé go gcuirfí san áireamh é sa sampla. Dá réir sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

1.6. **Freagraí ceistneora agus cuairteanna fíorúcháin**

(24) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ní bhfuarthas aon fhreagra. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún Misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas faoina rún fíorais a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(25) D'fhoilsigh an Coimisiún ar líne ([3]) na ceistneoirí do na táirgeoirí onnmhairiúcháin, do na hallmhaireoirí neamhghaolmhara agus do tháirgeoirí an Aontais.

(26) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil agus le díobháil dá bharr agus le leas an Aontais. Rinneadh cuairteanna fíoraithe de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar áitribh na gcuideachtaí seo a leanas:

Táirgeoir an Aontais

— Laminados Losal S.A.U., Gernika, an Spáinn.

Úsáideoir

— Fincantieri S.p.A, Monfalcone agus Trieste, an Iodáil

Táirgeoir onnmhairiúcháin sa Tuirc

— Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş., Aliağa/İzmir, An Tuirc

(27) I bhfianaise ráig COVID-19 agus na bearta cosanta arna gcur i bhfeidhm, rinne an Coimisiún cros-seiceáil cianda ar an táirgeoir onnmhairiúcháin Síneach seo a leanas:

— Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., Daon-Phoblacht na Síne

1.7. **Tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(28) San imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA MBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **Táirge faoi imscrúdú**

(29) Is é an táirge atá faoi imscrúdú plátaí ceannbheannacha cruach neamh-chóimhiotail sa raon suas le leithead de 204 mm ('plátaí ceannbheannacha cruach'). Úsáidtear go príomha plátaí ceannbheannacha cruach i dtionscal na longthógála le haghaidh tógáil na creatlaí cruach de chúrsóir paisinéirí, báid farantóireachta, soithí míleata, agus soithí ceannaithe. D'fhéadfaí go n-úsáidtear plátaí ceannbheannacha cruach freisin chun ardán amach ón gcósta agus ráillí tram a thógáil, ach san Aontas ní bhaineann an cur i bhfeidhm seo plátaí ceannbheannacha cruach ach le méideanna imeallacha ('an táirge faoi imscrúdú').

2.2. **An Táirge i gceist**

(30) Is é an táirge lena mbaineann ná an táirge atá faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, a thagann, faoi láthair, faoi chód CN ex 7216 50 91 (cód TARIC 7216 50 91 10) ('an táirge lena mbaineann').

([3]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2640.

2.3. **Táirge comhchosúil**

(31) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag na táirgí seo a leanas chomh maith leis na bunúsáidí céanna:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(32) Chinn an Coimisiún ag an gcéim seo gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Éilimh maidir le raon feidhme an táirge**

(33) Ní bhfuarthas aon éileamh maidir le raon feidhme an táirge.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **An tSín**

3.1.1. *Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán*

(34) I bhfianaise na fianaise leordhóthanaí a bhí ar fáil ar thionscnamh an imscrúdaithe, lena dtugtar le fios go bhfuil saobhadh suntasach ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an t-imscrúdú a thionscnamh maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír seo ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(35) Dá bhrí sin, d'fhonn na sonraí a bhailiú atá riachtanach chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm ar deireadh, san Fhógra Tionscnaimh d'iarr an Coimisiún ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin go léir sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgeadh. Chuir tionscadal amháin as an tSín, Changshu Longteng Special Steel Co, Ltd., an t-eolas cuí isteach. Ina theannta d'fhonn an fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne.

(36) Thairis sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil nó nach bhfuil saobhadh suntasach sa tSín. Thug an Coimisiún cuireadh do Rialtas na Síne a bharúil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18 a thíolacadh. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(37) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gurbh í an Tuirc an tríú tír ionadaíoch iomchuí féideartha de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(38) An 24 Eanáir 2023, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an Chéad Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgthe go léir amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach, bunaithe ar shonraí a cuireadh ar fáil in aighneacht Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., arb é an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin den táirge lena mbaineann é, atá lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne agus a chomhoibrigh. Ina theannta sin, bunaithe ar na critéir lena dtreoraítear rogha na bpraghsanna neamhshaofa nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún an Tuirc mar thír ionadaíoch iomchuí. Fuair an Coimisiún tuairimí ón táirgeoir onnmhairiúcháin Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. ar an gCéad Nóta.

(39) An 3 Aibreán 2023, agus tar éis anailís a dhéanamh ar na barúlacha a fuarthas agus ar an bhfaisnéis bhreise a chuir Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le dara nóta ('an Dara Nóta') faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus an Tuirc mar an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go mbunódh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SG&A') agus brabúis bunaithe ar shonraí ó tháirgeoir sa tír ionadaíoch, eadhon Kocaer Çelik Sanayi. Thug an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara a barúlacha a thabhairt agus fuair sé barúlacha ó Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.

(40) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar an bhfaisnéis a fuarthas sa Dara Nóta, bhain an Coimisiún de thátal ar bhonn sealadach go raibh an Tuirc ina rogha iomchuí mar thír ionadaíoch óna bhfaighfí praghsanna agus costais neamhshaofa chun an gnáthluach a chinneadh. Déantar cur síos níos mionsonraithe ar na bunchúiseanna leis an rogha sin i Roinn 3.4 thíos.

3.1.2. *Gnáthluach*

(41) De réir Airteagal 2(1) den bhun-Rialachán, *'déanfar an gnáthluach a shuí de ghnáth ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'*.

(42) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díolacháin ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa'*, agus *'áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús'*.

(43) Mar a mhínítear thíos tuilleadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.1.2.1. Saobhadh suntasach a bheith ann

(44) In imscrúduithe le déanaí maidir leis an earnáil chruach i nDaon-Phoblacht na Síne ([4]), chinn an Coimisiún go raibh saobhadh suntasach i gceist de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(45) Sna himscrúduithe sin, chinn an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([5]). Go háirithe, bhain an Coimisiún de thátal as san earnáil chruach – gurb í cruach an príomh-amhábhar chun an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgeadh, nach amháin gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne, de réir

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar tháirgí áirithe cruaiche leacaithe fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Cónaidhm na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Srí Lanca agus ó na hOileáin Fhilipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na tíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de thúir gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí agus feadáin táthaithe áirithe déanta as iarann nó cruach neamh-chóimhiotail de thionscnamh na Bealarúise tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145).

([5]) Féach aithris 80 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún aithris 59, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 149- 150.

bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([6]), ach go bhfuil sé de chumas ag Rialtas na Síne freisin cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([7]). Thairis sin, shuigh an Coimisiún go mbíonn éifeacht shaobhach bhreise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó earnálacha atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([8]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ([9]). Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil chruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([10]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le gníomhaithe corparáideacha caipiteal a rochtain i nDaon-Phoblacht na Síne ([11]).

(46) Faoi mar a rinne sé sna himscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil chruach i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú seo cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise sa ghearán, chomh maith le Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin ar Shaobhadh Suntasacha i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála ([12]) ('Tuarascáil'), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear plátaí ceannbheannacha cruach. Chuir an Coimisiún tuilleadh leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

([6]) Féach aithris 64 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 46, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún aithris 115- 118.

([7]) Féach aithris 66 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 193-4, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 47, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 119-122. Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear i measc táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú agus soláthróirí na n-ionchur a úsáidtear iontu.

([8]) Féach aithris 68 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún aithris 48- 52, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 123-129.

([9]) Féach aithris 74 ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 53, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún aithris 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithris 130- 133.

([10]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 54, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635,aithrisí 134- 135.

([11]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 55, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 136- 145.

([12]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang = en.

(47) Líomhain an gearán go bhfuil tionchar agus dul i bhfeidhm forleathan ar gheilleagar na Síne ina iomláine ag idirghabhálacha uile-chuimsitheach éagsúla ag Rialtas na Síne nó ag údaráis phoiblí eile ar leibhéil éagsúla rialtais agus an mhargaidh, i bhfianaise na praghsanna intíre agus costais thionscal cruach na Síne nach bhféadfar a úsáid san imscrúdú seo.

(48) Go sonrach, leagadh amach sa ghearán, i gcomhthéacs an chúlra de 'gheilleagar margaidh sóisialach' atá cumhdaithe i mBunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, uileláithreacht Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP') agus a thionchar ar an ngeilleagar trí bhíthin tionscnaimh phleanála straitéisí – ar nós an 13ú agus an 14ú Plean Cúig Bliana ('FYP') – agus go mbíonn foirmeacha éagsúla ag baint le hidirghabháil an Rialtas na Síne, eadhon riaracháin, airgeadais agus rialála.

(49) Sa ghearán, cuireadh samplaí ar fáil d'eilimintí a léirigh go bhféadfadh saobhadh a bheith ann, mar atá liostaithe sa chéad go dtí an séú fleasc d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ag tagairt go háirithe d'imscrúduithe roimhe seo ón gCoimisiún san earnáil chruach, don Tuarascáil, chomh maith le foinsí breise, d'áitigh an gearánach an méid seo a leanas:

— Téann Stát na Síne i ngleic le beartas eacnamaíoch idirghabhálach de bhun spriocanna a thagann i gcomhthráth leis an gclár oibre polaitiúil arna socrú ag Páirtí Cumannach na Síne seachas na dálaí eacnamaíocha atá i réim i saormhargadh a léiriú. Leis an ardleibhéal idirghabhála rialtais sa tionscal cruach, a léirítear sa 13ú FYP um an Tionscal Cruach a Choigeartú agus a Uasghrádú, agus sciar ard d'fhiontair faoi úinéireacht an Stáit ('SOEnna') san earnáil, cuirtear cosc fiú ar tháirgeoirí cruach faoi úinéireacht phríobháideach oibriú faoi choinníollacha an mhargaidh. Mar sin tá an margadh cruach, agus mar sin an earnáil plátaí ceannbheannacha cruach, comhdhéanta go mór d'fhiontair a oibríonn faoi úinéireacht, rialú agus maoirseacht bheartais údaráis na Síne;

— Breathnaítear ar an tionscal cruach mar earnáil bhunúsach de gheilleagar na Síne, cloch choirnéil náisiúnta ag Rialtas na Síne, agus mar sin is tionscal a bhfuil tacaíocht ar leith aige. D'fhéadfaí a mhaíomh gurb í fadhb reatha an ró-acmhainn an léiriú is soiléire ar impleachtaí bheartais Rialtas na Síne don tionscal agus an saobhadh dá bharr;

— Is fiontair faoi úinéireacht an Stáit iad beagnach leath de na cuideachtaí go léir in earnáil Cruach na Síne agus tagann ceithre cinn de na deichniúr táirgeoirí cruach is mó ar domhan faoin gcatagóir seo, rud a thugann ról ceannasach do na fiontair sin faoi úinéireacht an Stáit sa mhargadh cruach. Mar thoradh air sin, tá idirghabháil shuntasach stáit ar chostas na n-amhábhar san earnáil cruach, go háirithe don earnáil longtógála cruach agus plátaí ceannbheannacha cruach, rud a chruthaíonn saobhadh i bpraghsanna cruach. Sa 13ú FYP, tugadh breac-chuntas ar longthógáil cruach mar earnáil straitéiseach le tacaíocht le bheith curtha ar fáil ag Rialtas na Síne. Ag cur san áireamh go n-úsáidtear agus go ndéantar tromlach na dtáirgí plátaí ceannbheannacha cruach don earnáil longthógála cruach, is féidir an earnáil plátaí ceannbheannacha cruach a mheas mar earnáil straitéiseach do Rialtas na Síne agus mar sin mar earnáil a faigheann tacaíocht ón stát. Léirítear sa ghearán freisin gur fiontair faoi úinéireacht an stáit iad an dá longchlós is tábhachtaí sa tSín, eadhon China State Shipbuilding Corporation agus China Shipbuilding Industry Corporation. Tá an dá cheann acu faoi mhaoirseacht an Choimisiúin um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit ('SASAC') agus, dá bhrí sin, déanann bearta poiblí agus beartais phoiblí ar mhaithe le táirgeoirí intíre difear dóibh;

— Saintréith de chuid chóras airgeadais na Síne is ea seasamh láidir na mbanc faoi úinéireacht an Stáit, a chuireann san áireamh, agus rochtain á tabhairt acu ar airgeadas, critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail. Go deimhin, ní mór a mbeartas iasachtaithe a ailíniú le cuspóirí beartais thionsclaíoch Rialtas na Síne seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar an timpeallacht eacnamaíoch agus ar thuillteanais tionscadail ar leith.

— Mar a dúradh in imscrúduithe roimhe seo ag an gCoimisiún maidir le cruach, tá idirghabháil shuntasach rialtais i margadh na Síne, rud a fhágann go bhfuil saobhadh pá san earnáil chruach, chomh maith le heasnaimh i bhféimheacht na Síne agus dlí maoine.

(50) Ní dhearna Rialtas na Síne trácht ná ní chuir sé fianaise ar fáil a thacaigh le nó a bhréagnaigh an fhianaise atá ar an gcomhad cáis, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a chuir an gearánach ar fáil, ar shaobhadh suntasach a bheith ann agus/nó oiriúnacht chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás idir lámha.

(51) Go sonrach in earnáil an táirge atá faoi imscrúdú, ar fho-earnáil den earnáil chruach í, gurbh ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne, de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Ós rud é nach raibh aon chomhar ó onnmhaireoirí na Síne ar an táirge atá faoi imscrúdú, níorbh fhéidir an cóimheas cruinn idir na táirgeoirí príobháideacha agus faoi úinéireacht an Stáit a chinneadh.

(52) Deimhníodh leis an imscrúdú, áfach, go bhfuil an dá tháirgeoir is mó san earnáil cruach, is é sin Angang Steel Group ('Ansteel') agus China Baowu Steel Group ('Baowu') faoi úinéireacht iomlán an Stáit nó go bhfuil leas urlámhais ag an Stát iontu. Thairis sin, tá roinnt príomhchuideachtaí táirgthe plátaí ceannbheannacha cruach ar nós Hebei Jitai Special Steel Group Co., Ltd, Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd agus Hebei Jingye Group Co. Ltd, faoi réir cur isteach rialtais. Dearbhaíonn an chuideachta Hebei Jitai Special Steel Group Co., Ltd., fochuideachta faoi lánúinéireacht na cuideachta príobháidí Tangshan Baigong Industry Development co. ([13])., i measc a chuspóirí '*cur le forbairt na cuideachta, le dul chun cinn na ré, agus leis an máthairthír*' ([14]). Ina theannta sin, tá Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd á sealbhú agus á rialú ag Nanjing Steel, fiontar faoi úinéireacht an Stáit faoi Nanjing SASAC ([15]). I gcás Hebei Jingye Group Co. Ltd., eagraíodh gníomhaíochtaí tógála CCP éagsúla faoi cheannas leas-rúnaí Choiste Páirtí an Ghrúpa ([16]).

(53) Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Páirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil anois mar ghnáthchleachtas i gcuideachtaí príobháideacha ([17]), agus Páirtí Cumannach na Síne ag éileamh ceannaireachta ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh atá ar thionchar an Stáit trí struchtúir Páirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí ná go mbíonn oibreoirí eacnamaíocha faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, ag cur san áireamh cé chomh fada agus atá struchtúir an Stáit agus an Pháirtí tar éis fás le chéile i nDaon-Phoblacht na Síne.

(54) Tá sé sin soiléir freisin ag leibhéal Chumann Iarainn agus Cruach na Síne ('CISA'). De réir Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais, CISA '*cloíonn sé le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne*' agus '*go nglacann sé le treoraíocht ghnó, maoirseacht agus bainistíocht na n-eintiteas atá i bhfeighil clárúcháin agus bainistíochta, na n-eintitis atá i gceannas ar neartú an pháirtí, chomh maith leis na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht an tionscail*' ([18]).

(55) Tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon san earnáil chruach faoi réir maoirseachta agus treorach beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais Shíneacha is déanaí maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne san earnáil, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Tá sé seo léirithe ag dréacht-Thuairim Treorach na hAireachta Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise maidir le Forbairt Ardchaighdeáin ar Thionscal Cruach a Chothú, ina n-éilítear go ndéanfaí an bunús tionsclaíoch a chomhdhlúthú tuilleadh agus feabhas suntasach ar leibhéal nuachóirithe an tslabhra tionscail ([19]), ag an 14ú FYP ar Thionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, a dhéanfaidh an earnáil dá réir '*cloí leis an meascán de cheannaireacht margaidh agus cur chun cinn rialtai*' agus beidh '*grúpa cuideachtaí mór le rá á chothú a mbeidh ceannaireacht éiceolaíoch agus croí-iomaíochas acu*' ([20]), nó ag an 14ú FYP ar Fhorbairt Tionscal

([13]) Hebei Jitai Special Steel Group Co., Ltd. (n.d.). Baidu, ar fáil ag: https://baike.baidu.com/item/%E6%B2%B3%E5%8C%97%E5%90%89%E6%B3%B0%E7%89%B9%E9%92%A2%E9%9B%86%E5%9B%A2%E6%9C%89%E9%99%90%E5%85%AC%E5%8F%B8/4599958 (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([14]) Déan staidéar ar stair an pháirtí céad bliain d'aois agus bogadh ar aghaidh le misneach - Tangshan Baigong Industrial Development Co., Ltd ag tabhairt cuairte ar Halla Cuimhneacháin Li Dazhao. (2021, an 17 Meitheamh). Tsuniversal, ar fáil ag: https://www.tsuniversal.com/news/74.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([15]) *Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd.* (n.d.). QCC, ar fáil ag: https://www.qcc.com/firm/e466e01d6e0994f2d8c8736a6d7e4da7.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([16]) *Mhol coiste páirtí Jingye Group na craobhacha páirtí agus baill eiseamláireacha an pháirtí in 2022*. (2023,3 Márta). Grúpa Jingo, ar fáil ag: http://www.hbjyjt.com/content/?2085.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([17]) Féach mar shampla Art. 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachta na Síne nó na Treoirlínte maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua arna n-eisiúint ag Oifig Ghinearálta Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne in 2020,

([18]) ar fáil ar: http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=5b2ddec5eba936fba45d7bd801b09f6ff30d867762906011672eaeda213c54ac&columnIb2b2525 220e0aa19ceb0ee2cd7a7e325a35f6591cdbf66a (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([19]) Féach: https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).
https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).
https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).
https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([20]) Féach Roinn IV, Foroinn 3 den 14ú FYP ar Thionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt

Dramhchruach a bhfuil sé mar phríomhchuspóirí aige '*méadú leanúnach ar an gcóimheas iarratais de dhramhchruach, agus faoi dheireadh an 14ú FYP, sroichfidh an cóimheas dramh cuimsitheach de dhéantús cruach náisiúnta 30 %*.' ([21]) Maidir leis an táirge atá á imscrúdú go sonrach, d'eisigh na cúigí Shandong agus Jiangsu a 14ú FYP faoi seach maidir le trealamh longthógála agus innealtóireachta mara a fhorbairt, an earnáil longthógála agus an táirgeadh cruach gaolmhar a chur chun cinn go sainráite, mar shampla plátaí ceannbheannacha cruach ([22]).

(56) Is féidir samplaí cosúla den rún atá ag údaráis na Síne maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairtí na hearnála cruach a mhaoirsiú agus a threorú i gcúigí eile, mar shampla in Hebei a bhfuil sé beartaithe acu '*forbairt grúpa eagraíochtaí a chur i bhfeidhm go seasta, dlús a chur le hathchóiriú úinéireachta measctha fiontair faoi úinéireacht an stáit, díriú ar chumasc tras-réigiúnach agus atheagrú fiontair phríobháideacha iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh 1-2 ghrúpa mór den chéad scoth a bhunú, 3-5 grúpaí móra le tionchar intíre mar thacaíocht*' agus '*bealaí athchúrsála agus cúrsaíochta dramh-chruach a leathnú tuilleadh agus scagadh agus aicmiú dramh-chruach a neartú.*' ([23]). Is féidir tionchar an Stáit a aimsiú freisin ar an leibhéal bardasach, mar shampla i bplean gníomhaíochta 1 + 3 Iarainn agus Cruach 2022 de Bhardas Hebei Tangshan, ina gcuirtear de chúram ar eintitis bhardasacha éagsúla '*comhghuaillíochtaí agus atheagrú fiontar a bhfuil táirgí comhchosúla acu sa réigiún a chothú*', murar nós an dá ghrúpa cruach mór Shougang (Jingtang, Qiangang) agus Ceantar Nua Tangsteel, '*institiúidí airgeadais a lorg agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d'fhiontair iarainn agus cruach chun ligean dóibh aistriú chuig tionscail nua, agus ag an am céanna* […] *fóirdheontais a sholáthar i bhfoirm lascainí ráta úis*' chomh maith le '*tacú le leas iomlán a bhaint as struchtúr na dtáirgí*' trí dheontais a thabhairt do '*Fiontair déantúsaíochta curaidh agus táirgí curaidh nua ar an leibhéal náisiúnta* […] *de RMB 1 mhilliún agus RMB 500 000 faoi seach, agus fiontair déantúsaíochta curadh nua ar leibhéal an chúige agus táirgí curaidh* [de] RMB *300 000 AGUS RMB 100 000 faoi seach*' ([24]).

(57) Ar an gcaoi chéanna, i bPlean Forfheidhmithe Henan um Athrú agus Uasghrádú ar an Tionscal Cruach le linn na 14ú FYP, déantar foráil do '*bhunáiteanna táirgeachta cruach ar leith a thógáil*' is é sin '*6 bhunáit táirgthe cruach shonracha mhóra a thógáil in Anyang, Jiyuan, Pingdingshan, Xinyang, Shangqiu, Zhoukou, srl., agus leathnú, diansaothrú agus speisialtóireacht an tionscail a chinntiú. Ina measc, faoi 2025, déanfar an cumas táirgthe muciarainn in Anyang a rialú faoi bhun 14 mhilliún tona, agus déanfar cumas táirgthe cruach amh a rialú faoi bhun 15 mhilliún tona*.' ([25])

(58) Deimhníodh freisin san t-imscrúdú go bhfuil Rialtas na Síne ag cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, lena mbunaítear go bhfuil naisc phearsanta ann idir táirgeoirí plátaí ceannbheannacha cruach agus Páirtí Cumannach na Síne. Mar shampla, tá an duine céanna fostaithe mar Rúnaí Choiste Páirtí an fhiontair agus mar Chathaoirleach Bhord Stiúrthóirí an táirgeora onnmhairiúcháin comhoibríoch Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd ([26]). Thairis sin, shínigh an chuideachta comhaontú straitéiseach le fiontar faoi úinéireacht an stáit Jiangsu Huaneng, fochuideachta faoi lánúinéireacht Huaneng, fiontar faoi úinéireacht an stáit faoin SASAC láir ([27]) agus shínigh sé comhaontú intinne comhar a dhoimhniú le Brainse Jiangsu de Bhanc Onnmhairithe-Allmhairithe na Síne, ag díriú ar thacaíocht airgeadais ón Stát ([28]). Is léir freisin cur isteach an choiste CCP Bardasach ar obair Longteng ón alt seo a leanas a

([21]) Féach Roinn II, Foroinn 1 den 14ú FYP ar Thionscal Dramhchruach a Fhorbairt

([22]) Féach 14ú FYP de Chúige Shandong ar longthógáil agus trealamh innealtóireachta muirí a chur chun cinn, ar fáil ar:http://gxt.shandong.gov.cn/art/2022/3/29/art_103885_10301690.html (arna rochtain an 04 Aibreán 2023) agus an 14ú Plean Cúig Bliana chun Tionscal Trealamh Innealtóireachta Loinge agus Mara a Fhorbairt i gCúige Jiangsu, ar fáil ar: https://gxt.jiangsu.gov.cn/art/2022/3/22/art_6197_10385582.html (arna rochtain an 04 Aibreán 2023).

([23]) Féach Plean Gníomhaíochta Trí Bliana Cúige Hebei maidir le Forbairt Braisle sa Slabhra Tionscal Cruach, Caibidil I, Roinn 3; ar fáil ar: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20200717/1089773.shtml (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([24]) *D'eisigh Rialtas Bardasach Phobal Tangshan an Plean Gníomhaíochta '1 + 3' do Thionscal Cruach Tangshan*. (2022, an 6 Meitheamh). Cumann Iarainn agus Cruach na Síne, ar fáil ar: http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfdd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&3columnId764755 2b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([25]) Féach Plean Chur chun Feidhme Henan maidir le hAthchóiriú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach le linn an 14ú FYP, Caibidil II, Roinn 3; ar fáil ar: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211210/1192881.shtml (arna rochtain an 3 Aibreán 2023)

([26]) Liming, C. (2018, 2 Nollaig). *Agallamh le Ji Bingyuan, Cathaoirleach, Bainisteoir Ginearálta agus Rúnaí Páirtí Longteng Special Steel*.

([27]) *Tháinig Longteng Special Steel agus Huaneng Jiangsu ar chomhar straitéiseach*. (2021, 22 Meitheamh). Aip Airgeadais Sina. https://finance.sina.com.cn/money/future/indu/2021-06-22/doc-ikqcfnca2450921.shtml (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([28]) *Shínigh Brainse Jiangsu de Bhanc Onnmhairithe-Allmhairithe na Síne 'Comhaontú Comhair um Dhoimhniú' le Daon-Rialtas Bardasach Changshu*. (2021, 26 Márta). JSCHINA, ar fáil ar: https://jsnews.jschina.com.cn/xhh/news/202103/t20210326_2753645.shtml (arna rochtain an 3 Aibreán 2023)

foilsíodh ar shuíomh gréasáin Bhardas Changshu: '*déanfaidh Coiste Páirtí an Bhiúró Iompair an obair bheirte a dhoimhniú tuilleadh. A bhuíochas le ceannaireacht an fhoirgnimh Pháirtí, cinnteoidh sé comhar níos dlúithe agus níos doimhne leis na fiontair phéireáilte, ionas go n-athrófar níos fearr na buntáistí polaitiúla a bhaineann le tógáil Páirtí i dtéarmaí tacaíochta frithpháirteacha agus cur chun cinn frithpháirteach agus buntáistí forbartha agus gníomhartha praiticiúla chun freastal ar an ngnáthphobal. Le chéile, bainfimid torthaí nua, dul chun cinn nua, agus buanna nua amach i Máirseáil Fhada na Ré Nua.*' ([29]) Ar an gcaoi chéanna, tá an duine céanna fostaithe mar Rúnaí Choiste an Pháirtí agus Cathaoirleach Bhord Suqian Nangang Jinxin Rolling Co., Ltd. agus a mháthairchuideachta Nanjing Steel ag an am céanna. ([30])

(59) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi imscrúdú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó beartais a bhfuil tionchar acu ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainaithníodh san imscrúdú doiciméid bheartais a léirigh go mbaineann an tionscal leas as treoraíocht agus idirghabháil rialtais maidir leis an táirge atá faoi imscrúdú mar chuid den earnáil cruach.

(60) Measann Rialtas na Síne i gcónaí gur tionscal ríthábhachtach atá sa tionscal cruach ([31]). Deimhnítear é seo sna pleananna, sna treoracha agus sna doiciméid iomadúla eile atá dírithe ar chruach, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach. Faoin 14ú FYP, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach i leataobh le haghaidh claochlú agus uasghrádú, chomh maith le leas iomlán a bhaint agus coigeartú struchtúrach ([32]). Mar an gcéanna, sa 14ú FYP ar Thionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, atá infheidhme freisin don tionscal cruach, liostaítear an earnáil mar '*bhunchloch an fhíorgheilleagair*' agus '*príomhréimse a mhúnlaíonn buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne*' agus leagtar amach roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, uasghrádú teicneolaíochta dá leithéid a d'fheabhsódh struchtúr na hearnála (trí bhíthin comhchruinnithe corparáideacha breise go háirithe) nó claochlú digiteach ([33]).

(61) Is é an t-amhiarann an t-amhábhar tábhachtach a úsáidtear do tháirgeadh an táirge faoi imscrúdú. Luaitear amhiarainn freisin sa 14ú FYP maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, ina bhfuil sé beartaithe ag an Stát 'acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach'. '*Taiscéalaíocht amhiarainn a neartú* […], *beartais chánach tosaíochta a chur i bhfeidhm, glacadh le hardtheicneolaíocht agus trealamh a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú.*' ([34]) I gcúigí, mar Hebei, déanann na húdaráis an méid seo a leanas a thuar don earnáil: '*fóirdheontas lascaine infheistíochta tionscadail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d'fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus ag an am céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaine ar fáil.*' ([35]) Mar sin, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhar a úsáidtear i monarú plátaí ceannbheannacha cruach. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(62) Níor nochtadh aon fhianaise san imscrúdú seo nach ndéanfadh cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor dlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2 (6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán san earnáil cruach, dá dtagraítear thuas in aithris (45) aon difear do mhonaróirí an táirge atá faoi imscrúdú.

([29]) *Thionóil Coiste Páirtí an Bhiúró Iompair agus Longteng Special Steel searmanas sínithe le haghaidh tógáil páirtí.* (2020, 5 Lúnasa). Rialtas Changshu, ar fáil ar: http://www.changshu.gov.cn/zgcs/c100297/202008/03d86105d1b24c0093db89f968f834f7.shtml (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([30]) *Huang Yixin*. (n.d.). Aiqicha Baidu, ar fáil ar: https://aiqicha.baidu.com/person?personId=4736c00788016f6251d98eb690072596 (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([31]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lch. 346 ff.

([32]) Féach Daon-Phoblacht na Síne 14ú Plean Cúig Bliana le haghaidh Forbartha Eacnamaíochta agus Sóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, ar fáil ar: https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/ (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

([33]) Féach go háirithe Roinn I agus II den 14ú FYP ar Thionscal na n-Amhábhar a Fhorbairt.

([34]) Féach an 14ú FYP ar Thionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, lch. 22.

([35]) Féach Plean Gníomhaíochta Iarann agus Cruach Bardas Hebei Tangshan 1 + 3 2022, Caibidil 4, Roinn 2; ar fáil ar: http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfdd59e1a4f482bb7ac d243e3ae7657c70b&3columnId764755 2b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a (arna rochtain an 3 Aibreán 2023).

(63) Ina theannta sin, tá an earnáil cruach, dá dtagraítear thuas in aithris (45), faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán. Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil cruach, lena n-áirítear táirgeoirí de phlátaí ceannbheannacha cruach faoi réir chóras dlí saothair na Síne. Bíonn tionchar díreach ag na saobhadh sin ar an earnáil (nuair a bhíonn plátaí ceannbheannacha cruach á dtáirgeadh nó na príomhionchuir), agus go hindíreach freisin (nuair a bhíonn rochtain acu ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([36]).

(64) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéantar difear d'earnáil na cruaiche, dá dtagraítear thuas in aithris (45), leis an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(65) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgeadh. Nuair a dhéanann táirgeoirí plátaí ceannbheannacha cruach na hionchuir sin a cheannach/conradh dhéanamh ina dtaobh, tá na praghsanna a íocann siad (agus a thaifeadtar mar chostais) gan cosaint ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht atá faoi réir an tsaofa san earnáil airgeadais nó sa leithdháileadh caipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(66) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre plátaí ceannbheannacha cruach a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, srl.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh é féin i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(67) Níor thug Rialtas na Síne san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin. Ina aighneacht an 6 Feabhra 2023, áfach, d'áitigh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd., nár cheart go dtiocfadh líomhaintí maidir le saobhadh suntasach chun cinn mar chonclúid réamhchinnte agus gur cheart don Choimisiún an saobhadh líomhnaithe a fhíorú ar dtús agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil an saobhadh suntasach sula bhféadfaidís sonraí gnáthluacha a chuardach ó fhoinsí eile. Is é dearcadh na cuideachta, áfach, gur thosaigh an Coimisiún ró-luath ag lorg foinsí malartacha gnáthluacha ag céim luath den imscrúdú.

(68) Ní féidir glacadh leis an argóint seo. Mar a léiríodh san Fhógra Tionscnaimh, mheas an Coimisiún ag céim an tionscnaimh go raibh dóthain fianaise ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a léireodh go hiondúil, mar gheall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, go mbeadh úsáid praghsanna intíre agus costais i nDaon-Phoblacht na Síne míchuí, rud a d'fhágfadh go mbeadh údar le himscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mheabhraigh an Coimisiún sa chomhthéacs seo, de réir Airteagal 2(6a)(e) den bhun-Rialachán, go gcuirfear páirtithe an imscrúdaithe ar an eolas go pras tar éis tionscnamh faoi na foinsí ábhartha a bheartaíonn an Coimisiún a úsáid chun gnáthluach a chinneadh. Dealraíonn sé, mar sin go bhfuil argóint Longteng nár cheart don Choimisiún foinsí eile de ghnáthluach a lorg ach amháin tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le saobhadh suntasach a bheith ann bunaithe ar mhíléamh ar an mbun-Rialachán. Ar aon chuma, i bhfad ón gCoimisiún teacht ar aon chonclúidí réamhchinnte maidir le saobhadh suntasach arna maíomh ag Longteng, le linn an imscrúdaithe reatha, tá tuilleadh faisnéise á bailiú ag an gCoimisiún chun na foinsí atá ar fáil a chomhlánú chun na líomhaintí a rinneadh ag an gcéim tionscnaimh a fhíorú agus, ar deireadh, chun a chinneadh an bhfuil saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i láthair san earnáil plátaí ceannbheannacha cruach. Cé nach ndéanfar cinntí den sórt sin ach ag an gcéim chinntitheach den imscrúdú, tá torthaí imscrúdaithe sealadacha an Choimisiúin leagtha amach in aithrisí (44) go (67) thuas agus beidh deis ag páirtithe leasmhara tuilleadh barúlacha a thabhairt ina leith.

([36]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 134-135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 143-144.

3.1.2.2. Tír ionadaíoch

Barúlacha ginearálta

(69) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine acu atá cosúil le hollioncam náisiúnta na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([37]);

— Táirgeadh an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch;

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(70) Mar a mhínítear in aithrisí (38) agus (39), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí: an Chéad Nóta faoi thosca táirgeachta an 24 Eanáir 2023 agus an Dara Nóta faoi na tosca táirgeachta an 3 Aibreán 2023. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bonn leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta maidir le fachtóirí táirgthe, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Tuirc a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín

(71) Sa Chéad Nóta ar fhachtóirí táirgthe, d'aithin an Coimisiún an Tuirc agus an Rúis mar thíortha a bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíoch acu leis an tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. tá siad go léir aicmithe ag an mBanc Domhanda mar thíortha 'uas-mheánioncaim' ar bhonn ollioncaim náisiúnta i gcás inarb eol go ndearnadh an táirge atá faoi imscrúdú a tháirgeadh. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaithníodh sa nóta sin.

(72) Sa Dara Nóta, tar éis barúlacha a fuarthas ón táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch Changshu Longteng Special Steel Co, Ltd. maidir leis an gCéad Nóta, chuir an Coimisiún in iúl gur breithníodh an Mhalaeisia chun na fachtóirí táirgthe seo a leanas a shuíomh: nítrigin, ocsaigin agus aolchloch. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis na tíortha a sainaithníodh sa nóta sin.

Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch

(73) Sa Chéad Nóta, chuir an Coimisiún in iúl, maidir leis na tíortha atá sainaitheanta mar thíortha ina bhfuil an táirge atá faoi imscrúdú á tháirgeadh, eadhon an Rúis agus an Tuirc, gur gá infhaighteacht na sonraí poiblí a fhíorú tuilleadh go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais poiblí ó tháirgeoirí an táirge atá faoi imscrúdú.

(74) Maidir leis an Rúis, ní raibh ráitis airgeadais na cuideachta amháin a aithníodh sa Chéad Nóta mar tháirgeoir, eadhon 'JSC Omutninsk Metallurgical Plant', ar fáil go héasca. Chinn an Coimisiún mar sin nach bhféadfadh sé sonraí na cuideachta seo a úsáid san imeacht.

(75) Ina theannta sin, bhí sonraí staidrimh allmhairiúcháin na Rúise ar fáil suas go dtí Eanáir 2022, agus mar sin ní chumhdaigh siad ach aon trian den tréimhse imscrúdúcháin.

(76) Mar thoradh air sin, bhain an Coimisiún de thátal as nach bhféadfaí an Rúis a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí don imscrúdú seo.

([37]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(77) Maidir leis an Tuirc, d'aithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca do tháirgeoir amháin den táirge a bhí faoi imscrúdú, ar ráitis iad a raibh caillteanas in 2021 ina leith, áfach. Cé go raibh ráitis airgeadais an táirgeora chomhoibríoch onnmhairiúcháin sa Tuirc, Özkan Demir, ar fáil go héasca de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, bhí an chuideachta ag déanamh caillteanais in 2021 agus mar sin níorbh fhéidir iad a úsáid chun an gnáthluach a thógáil. Dá bhrí sin, i dteannta leis an gcuideachta sin shainaithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca do tháirgeoirí de tháirge sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil chéanna i dtíortha ionadaíocha ionchasacha a léirigh leibhéal réasúnta brabúsachta ar feadh tréimhse a bhí forluiteach go páirteach leis an IP. Aithníodh na táirgeoirí sin sa ghearán nó ar liosta na dtáirgeoirí a tháirgeann táirgí a thagann faoi chuimsiú chód AC 7216 50 91 'Pláta ceannbheannach', lena n-áirítear an dá tháirge atá faoi imscrúdú 'pláta plátaí ceannbheannacha cruach neamh-chóimhiotail atá sa raon suas le 204 mm ar leithead' mar a shainmhínítear san Fhógra Tionscnaimh agus gach cineál eile de tháirgí plátaí ceannbheannacha cruach. Rinne an Coimisiún cros-seiceáil freisin ar liosta na dtáirgeoirí agus na cinn a chuir údaráis na Tuirce ar fáil ag an gcéim réamhthionscanta.

(78) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, mheas an Coimisiún an Tuirc mar rogha iomchuí mar thír ionadaíoch.

(79) Ina gcuid tuairimí ar an gCéad Nóta, thug Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd le fios nach raibh cuid de na táirgeoirí Turcacha liostaithe sásúil toisc, nach raibh ach ráitis airgeadais chomhdhlúite ar fáil i gcás ceathrar as cúigear táirgeoirí, agus dá bhrí sin níorbh fhéidir an SG&A iarbhír agus corrlaigh bhrabúis de tháirgeoir plátaí ceannbheannacha cruach a léiriú. Thairis sin, bhí an SG&A agus an brabús, arna ríomh ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil ó na cúigear tháirgeoirí seo, míréasúnta ard, de réir Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. Ar deireadh, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. gur cheart don Choimisiún neamhaird a dhéanamh ar an Tuirc do thagarmharc roinnt amhábhar a bhunú (i.e. aolchloch agus ocsaigin).

(80) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, rinne an Coimisiún athscrúdú ar an SG&A agus ar na brabúis a thuairiscigh ceathrar as na cúigear tháirgeoirí cruach aitheanta sa Tuirc agus mheas sé go raibh sé ró-ard. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún neamhaird ar na cuideachtaí sin agus chinn sé úsáid a bhaint as an SG&A agus na corrlaigh bhrabúis arna dtuairisciú ag táirgeoir amháin de chuid na Tuirce, is é sin Kocaer Çelik Sanayi do shonraí airgeadais 2022 (i.e. don tréimhse atá forluiteach go páirteach leis an tréimhse imscrúdaithe). Tar éis an Dara Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd gur thabhaigh Kocaer Çelik Sanayi, costais airgeadais an-ard nach bhféadfaí sonraí a fháil ina leith. Thairis sin, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd nach raibh speansais airgeadais ard den sórt sin acu.

(81) Roghnaigh an Coimisiún cuideachta a bhfuil ráitis airgeadais ar fáil go héasca aici, lena léirítear méid réasúnta SG&A agus corrlaigh bhrabúis don tionscal táirgthe cruach, agus chuir sé SG&A agus brabús Kocaer Çelik Sanayi sa Tuirc i bhfeidhm. B'ionann an SG&A arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh ('COGS') agus a cuireadh i bhfeidhm ar chostais táirgthe neamhshaofa, agus 10,98 %. B'ionann an brabús a cuireadh in iúl mar chéatadán den COGS agus a cuireadh i bhfeidhm ar chostais táirgthe neamhshaofa agus 8,8 %. D'úsáid an Coimisiún sonraí comhdhlúite, toisc gurbh iad seo an t-aon sonraí a bhí ar fáil go poiblí. Ina theannta sin, níor mheas an Coimisiún go raibh na céatadáin sin ró-ard, ach go raibh siad ag teacht leis an gcostas agus leis na brabúis a thabhaítear sa chineál seo tionscail. Ina theannta sin, tá na céatadáin seo i gcomhréir leis na cinn a úsáideadh in imscrúduithe roimhe seo maidir le tionscal na cruach, mar shampla maidir le túir ghaoithe cruach ([38]) agus cruach orgánach brataithe ([39]). Ní raibh aon fhaisnéis ar fáil don Choimisiún lenar léiríodh a mhalairt.

(82) Dá bhrí sin, in éagmais aon bharúil eile ná aon sonraí eile a bhfuil fáil orthu go héasca a chur isteach, chinn an Coimisiún go sealadach maidir leis na foinsí a bheartaigh sé a úsáid le haghaidh SG&A agus le haghaidh brabúis, go raibh na foinsí sin neamhshaofa agus réasúnach de réir bhrí na míre deiridh d'Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([38]) IO L 450, 16.12.2021, lch. 59.
([39]) IO L 116, 3.5.2019, lch. 5

Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil

(83) Tar éis a shuí gurb í an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

Conclúid

(84) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun í a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí.

Foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí

(85) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na fachtóirí táirgthe amhail amhábhair, fuinneamh agus saothair a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh.

(86) D'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, d'úsáid an Coimisiún Global Trade Atlas ([40]) ('GTA') agus Metal Bulletin ([41]) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgthe sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, shonraigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé Institiúid Staidrimh na Tuirce chun costais neamhshaofa saothair ([42]) agus fuinnimh ([43]) a shuí agus staidrimh Ard-Stiúrthóireacht Bhardas Cathrach Izmir le haghaidh costas neamhshaofa uisce ([44]).

(87) D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt agus faisnéis a bheadh ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa do gach ceann de na fachtóirí táirgthe a luaitear sa nóta sin.

(88) Ina thuairimí ar an gCéad Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd go raibh éagsúlacht ag praghsanna allmhairithe fearócróimiaim sa Tuirc bunaithe ar an gcóimheas idir meáchan carbóin agus cróimiaim. D'fhíoraigh an Coimisiún an cóimheas iarbhír de mheáchan carbóin agus cróimiaim a úsáideann Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd. Maidir leis seo, chun costas comhfhreagrach fearócróimiaim a bhunú, chinn an Coimisiún tagarmharcanna tionscail neamhspleácha den Metal Bulletin a úsáid don tionscal domhanda miotail agus mianadóireachta (praghsanna Fastmarkets) a léiríonn cóimheasa difriúla meáchain carbóin agus cróimiaim.

(89) Tar éis an Chéad Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd freisin nach bhféadfaí meánphraghsanna na Tuirce ar amhábhair áirithe (i.e. ocsaigin agus aolchloch) a úsáid mar gheall ar líon íseal allmhairí. Ina theannta sin, ar bhonn fhreagra ceistneora Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd, shainaithin an Coimisiún fachtóir táirgeachta breise, i.e. nítrigin, a allmhairíodh freisin i gcainníochtaí neamh-ionadaithe isteach sa Tuirc le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

([40]) https://www.gtis.com/gta
([41]) https://xml.metalbulletin.com/mb-index.html
([42]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/In$dex?p=Labour-Cost-Statistics-2020-37495
([43]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-I:-January-June,-202245567
([44]) https://www.izsu.gov.tr/YuklenenDosyalar/AtikSuTarifeleri

(90) Dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún méid na n-allmhairí isteach sa Téalainn, sa Mhalaeisia, sa Bhrasaíl agus i Meicsiceo ós rud é go bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil leis an tSín ag na tíortha sin agus gur breithníodh iad mar thíortha ionadaíocha i roinnt imscrúduithe le déanaí san earnáil cruach amhail rothaí bóthair cruach ([45]), táirgí cothroma teorollta cruach dosmálta ([46]), túir ghaoithe cruach ([47]), cruach a bhfuil bratú orgánach uirthi ([48]), feisteas feadán nó píobán, as iarann nó as cruach ([49]). Shuigh an Coimisiún, tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ó thíortha nach baill de EDT iad a eisiamh, gurb í an Mhalaeisia amháin a raibh allmhairí i gcainníochtaí ionadaíocha leordhóthanacha den trí thoisc tháirgeachta ar fad lena mbaineann aici le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, chuir an Coimisiún in iúl sa Dara Nóta go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún, agus an gnáthluach á thógáil, costais na n-ionchur sin a úsáid bunaithe ar allmhairí chuig an Mhalaeisia.

(91) Ina dhiaidh sin, sa Dara Nóta, thug an Coimisiún an liosta tosca táirgthe cothrom le dáta bunaithe ar thuairimí na bpáirtithe agus ar fhaisnéis a chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch isteach sa fhreagra ceistneora.

(92) Tar éis an Dara Nóta, mhaígh Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd nach raibh méid allmhairí na Malaeisia de nítrigin agus ocsaigin agus méid allmhairithe na Tuirce d'argón ionadaíoch toisc go raibh na méideanna allmhairithe i bhfad níos ísle ná a n-ídiú iarbhír de na hamhábhar sin. Ina theannta sin, dúirt Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd go bhfuil praghsanna aonaid míréasúnta ard agus costais iompair ard ag roinnt tíortha soláthair do gach ceann de na hamhábhair sin.

(93) Dhiúltaigh an Coimisiún don éileamh seo ó rinneadh measúnú ar ionadaíochas méideanna allmhairí bunaithe ar chainníocht absalóideach de mhéideanna allmhairí. Toisc nach raibh na méideanna sin ar na leibhéil chéanna le tomhaltas na n-amhábhar sin de chuid an táirgeora onnmhairiúcháin, níor tháinig aon athrú ar an gconclúid gur measadh go raibh dearbhmhéideanna na n-allmhairí sin ionadaíoch.

(94) Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin, mar gheall ar líon mór fachtóirí táirgthe den táirgeoir comhoibríoch onnmhairiúcháin a sholáthair faisnéis iomlán agus an meáchan diomaibhseach a bhain le cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na míreanna diomaibhseacha a ghrúpáil faoi 'earraí inchaite'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na n-earraí inchaite ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa seanbhunaithe á n-úsáid aige sa tír ionadaíoch iomchuí.

Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna

Tosca táirgeachta

(95) I bhfianaise na faisnéise go léir a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíoraithe, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

([45]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/353 ón gCoimisiún an 3 Márta 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí rothaí bóthair cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 65, 4.3.2020, lch. 9).

([46]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1408 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a fhorchuirtear ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta cruach dosmálta áirithe de thionscnamh na hIndinéise, Daon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 325, 7.10.2020, lch. 26).

([47]) IO L 450, 16.12.2021, lch. 59.

([48]) IO L 116, 3.5.2019, lch. 5

([49]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Srí Lanca agus ó na hOileáin Fhilipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na tíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36).

Tábla 1 –

Tosca táirgeachta plátaí ceannbheannacha cruach

Toisc Tháirgeachta	Cód HS	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Luach neamhshaofa
Amhábhair			
Aolchloch	252100	GTA maidir le Malaeisia	0,243 CNY/kg
Amhiarann	260111	GTA maidir leis an Tuirc	0,83 CNY/kg
Amhiarann sintéir	260112	GTA maidir leis an Tuirc	1,28 CNY/kg
Gual	270111	GTA maidir leis an Tuirc	1,53 CNY/kg
Cóc/púdar cóic	270400	GTA maidir leis an Tuirc	3,35 CNY/kg
Púdar carbóin	280300	GTA maidir leis an Tuirc	10,08 CNY/kg
Túrmailín Íon	284910	GTA maidir leis an Tuirc	8,67 CNY/kg
Fearó-mhangainéis	720211	GTA maidir leis an Tuirc	10,68 CNY/kg
Fearósileacain	720221	GTA maidir leis an Tuirc	15,86 CNY/kg
Sileacamangainéis	720230	GTA maidir leis an Tuirc	11,76 CNY/kg
Fearócróimiam	720241	MB-FEC-0005	8,97 CNY/kg
Fearómolaibdéineam	720270	GTA maidir leis an Tuirc	160,64 CNY/kg
Fearótíotáiniam	720291	GTA maidir leis an Tuirc	43,32 CNY/kg
Fearóvanaidiam	720292	GTA maidir leis an Tuirc	190,12 CNY/kg
Fearóniaibiam	720293	GTA maidir leis an Tuirc	176,27 CNY/kg
Fearó-alúmanam	720299	GTA maidir leis an Tuirc	19,24 CNY/kg
Dramhchruach	720410	GTA maidir leis an Tuirc	2,15 CNY/kg
Alúmanam	760110	GTA maidir leis an Tuirc	19,67 CNY/kg
Argón	280421	GTA maidir leis an Tuirc	7,30 CNY/m^3
Nítrigin	280430	GTA maidir leis an Malaeisia	5,85 CNY/m^3
Ocsaigin	280440	GTA maidir leis an Malaeisia	2,46 CNY/m^3
Costais uisce		Praghas an uisce a ghearrann Bardas Chathrach Izmir ar úsáideoirí tionsclaíochta	8,25 CNY/m^3
Lucht saothair			
Costais saothair		Institiúid Staidrimh na Tuirce (bunaithe ar mheánchostas saothair in aghaidh na huaire san earnáil déantúsaíochta)	37,03 CNY/uair an chloig
Fuinneamh			
Leictreachas		Institiúid Staidrimh na Tuirce - praghas an leictreachais d'úsáideoirí tionsclaíocha	0,60 CNY/uair an chloig
Gás nádúrtha		Institiúid Staidrimh na Tuirce - praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha	2,75 CNY/m^3

3.1.2.3. Amhábhair

(96) D'fhonn praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairithe ualaithe chuig an Tuirc agus le haghaidh nítrigine, ocsaigine agus aolchloiche chuig an Mhalaeisia mar a tuairiscíodh i GTA agus tagarmharc tionscail neamhspleách de chuid Metal Bulletin le haghaidh Fearócróimiaim ar cuireadh dleachtanna iompórtála agus costais iompair leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([50]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Roinn 3.3.1 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saofa shuntasaigh a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis dó na hallmhairí isteach sa tír ionadaíoch ón tSín agus ó thíortha geilleagair neamh-mhargaidh a eisiamh, chinn an Coimisiún go raibh allmhairí na bpríomh-amhábhar ó thríú tíortha eile ionadaíoch i gcónaí.

(97) D'imigh an Coimisiún ón modheolaíocht a bhfuil cur síos déanta uirthi thuas maidir le líon teoranta amhábhar.

(98) Mar a léiríodh in aithris (88), chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an bhFeasachán Miotail (praghsanna Fastmarkets) chun tagarmharc an fhearócróimiaim a bhunú.

(99) Mar a léiríodh in aithris (90), maidir le haolchloch, nítrigin agus ocsaigin, chinn an Coimisiún costas na n-ionchur seo a úsáid bunaithe ar allmhairí chuig an Mhalaeisia, gan allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus tíortha nach baill den ETD iad a áireamh.

(100) Na costais iompair arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair a sholáthar, shloinn an Coimisiún iad mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus ansin chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, go bhféadfaí an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairithe agus na costais iompair tuairiscithe a úsáid le réasún mar chomhartha chun costais iompair neamhshaofa na n-amhábhar a mheas nuair a sheachadtar iad chuig monarcha na cuideachta é.

(101) I gcás roinnt fachtóirí táirgthe b'ionann na costais iarbhír a thabhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch agus sciar diomaibhseach (thart ar 3,3 % go carnach) de chostais iomlána amhábhar le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh sin ar na ríomhanna corrlaigh dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh mar thomhaltáin mar a mhínítear in aithris (94).

Lucht saothair

(102) D'úsáid an Coimisiún na staidrimh a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([51]). Foilsíonn an institiúid sin faisnéis mhionsonraithe faoi chostais saothair in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Tuirc. Bhuígh an Coimisiún an tagarmharc bunaithe ar mheánchostais saothair in aghaidh na huaire do 2020 don ghníomhaíocht eacnamaíoch Chód NACE 24 de 'Monarú Miotal Neamhlómhar' de réir aicmiú NACE Rev.2. Rinneadh na luachanna a choigeartú tuilleadh le haghaidh boilscithe ag baint úsáide as an treoir-innéacs praghsanna do thomhaltóirí intíre ([52]) chun na costais don tréimhse imscrúdúcháin a léiriú.

([50]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([51]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Cost-Statistics-2020-37495

([52]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Consumer-Price-Index-January-2023-49655.

Fuinneamh

(103) D'úsáid an Coimisiún na meánphraghsanna leictreachais agus gáis tionsclaíochta d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc arna fhoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce ([53]) don tréimhse ó Iúil 2021 go Meitheamh 2022, glan ar CBL.

Uisce

(104) Bhain an Coimisiún úsáid as an taraif uisce arna ghearradh ag Ard-Stiúrthóireacht Bhardas Chathrach Izmir atá freagrach as soláthar uisce, bailiú séarachais agus cóireáil i mBardas Chathrach Izmir áit a bhfuil cuideachta ionadaíoch an táirge atá á imscrúdú lonnaithe. Leis an bhfaisnéis is féidir na taraifí is infheidhme don tionscal a shainaithint agus is meán-tharaif mhíosúil don tréimhse imscrúdúcháin, glan ó CBL, a bheadh sa thagarmharc ([54]).

(105) Maidir le huisce, mheas Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd an tagarmharc a úsáideadh, is é sin costais uisce in Izmir gan a bheith ionadaíoch toisc go bhfuil Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd suite i gceantar tuaithe le rochtain éasca ar uisce agus dá bhrí sin an ní féidir costas uisce Changshu Longteng Special Steel Co. a chur i gcomparáid le cathair turasóireachta sa Tuirc.

(106) D'úsáid an Coimisiún mar thagarmharc taraif uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch sa réigiún ina bhfuil táirgeoir an táirge atá faoi imscrúdú, Kocaer Çelik Sanayi, lonnaithe sa Tuirc. Ina theannta sin, tá bonn tionsclaíoch dea-fhorbartha ag an réigiún roghnaithe. Dá dheasca sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

Forchostais déantúsaíochta, SG&A agus brabúis

(107) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'*. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(108) Léiríodh na forchostais déantúsaíochta a thabhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch mar sciar de na costais déantúsaíochta a thabhaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin iarbhír. Cuireadh an céatadán seo i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na déantúsaíochta.

(109) Chun méid réasúnta neamhshaofa a bhunú do SG&A agus brabús, bhí an Coimisiún ag brath ar shonraí airgeadais Kocaer Çelik Sanayi in 2022, mar a bhaintear as bunachar sonraí Orbis.

3.1.3. *Ríomh*

(110) Ar bhonn an méid thuas, thóg an Coimisiún an gnáthluach in aghaidh an chineáil táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(111) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír fachtóirí aonair táirgthe an táirgeora chomhoibríoch onnmhairiúcháin. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin a chuir an táirgeoir comhoibríoch onnmhairiúcháin ar fáil le linn na seiceála cianda. D'iolraigh an Coimisiún na fachtóirí úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a breathnaíodh sa tír ionadaíoch nó faoi chostais neamhshaofa eile in aghaidh an aonaid a shainaithnítear sa tábla thuas.

(112) Ar an dara dul síos, chun teacht ar chostas déantúsaíochta neamhshaofa iomlán, chuir an Coimisiún na forchostais déantúsaíochta i bhfeidhm. Méadaíodh na forchostais déantúsaíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha trí chostais na n-earraí inchaite dá dtagraítear in aithris (101) agus léiríodh ina dhiaidh sin iad mar sciar de chostais déantúsaíochta a thabhaigh gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin iarbhír. Cuireadh an céatadán seo i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na déantúsaíochta.

([53]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Electricity-and-Natural-Gas-Prices-Period-I:-January-June,-2022-45567.
([54]) https://www.izsu.gov.tr/YuklenenDosyalar/AtikSuTarifeleri/Tarifeler_01092022.jpg.

(113) Ar deireadh, chuir an Coimisiún SG&A agus an brabús leis an méid sin agus sloinneadh iad mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh agus cuireadh i bhfeidhm iad ar chostas iomlán neamhshaofa na monaraíochta (i.e. ba ionann SG&A agus 10,98 % agus ba ionann an brabús agus 8,8 %).

(114) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún meán ar gnáthluach in aghaidh an chineál táirge a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.1.4. *An praghas onnmhairiúcháin*

(115) D'onnmhairigh an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha.

(116) Ba é an praghas onnmhairiúcháin, dá bhrí sin, an praghas a íocadh i ndáiríre nó is iníoctha don táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.1.5. *Comparáid*

(117) Rinne an Coimisiún comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha de réir an chineáil táirge.

(118) I gcás ina bhfuil údar maith leis mar gheall ar an ngá atá le comparáid chothrom a áirithiú, rinne an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú le haghaidh difríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus inchomparáideacht phraghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe ar chostais iompair, árachais, láimhseála, lódála, dleacht chustaim, costais chreidmheasa agus muirir bhainc.

3.1.6. *Corrlach dumpála*

(119) Maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe an chineáil chomhfhreagraigh den táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(120) Bhí leibhéal an chomhair sa chás seo ard, toisc gurbh ionann onnmhairí an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch agus na hallmhairí go léir le linn an IP. Mhaígh Changshu Longteng Speisialta Cruach Co. go raibh táirgeoir onnmhairiúcháin eile den táirge lena mbaineann i nDaon-Phoblacht na Síne. Níor tháinig aon chuideachta eile chun tosaigh, áfach, agus níor shainaithin an Coimisiún onnmhairí breise sa staidreamh allmhairiúcháin. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an corrlach dumpála a shocrú do tháirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar an leibhéal céanna leis an gcuideachta chomhoibríoch.

(121) Ar an mbonn sin, is mar seo a leanas an meánchorrlach dumpála ualaithe sealadach arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas teorann an Aontais CIF, dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %
Gach cuideachta eile	14,7 %

3.2. **An Tuirc**

3.2.1. *Gnáthluach*

(122) Scrúdaigh an Coimisiún ar dtús an raibh méid iomlán na ndíolachán intíre don táirgeoir onnmhairiúcháin Özkan Demir ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá na díolacháin intíre ionadaíoch más rud é gurb é atá i gceist le méid iomlán na ndíolachán intíre den táirge comhchosúil le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin ná 5 % ar a laghad de mhéid iomlán a dhíolacháin onnmhairiúcháin den táirge lena mbaineann leis an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar an mbonn sin, b'ionadaíoch díolacháin iomlána Özkan Demir den táirge comhchosúil ar an margadh intíre.

(123) Ina dhiaidh sin, shainaithin an Coimisiún na cineálacha táirgí a díoladh ar bhonn intíre agus a bhí comhionann nó inchomparáide leis na cineálacha táirgí a díoladh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas do na táirgeoirí onnmhairiúcháin le díolacháin intíre ionadaíocha.

(124) Scrúdaigh an Coimisiún ansin an raibh díolacháin Özkan Demir ar a mhargadh intíre do gach cineál táirge atá comhionann nó inchomparáide le cineál táirge a dhíoltar lena onnmhairiú chuig an Aontas ionadaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den bhun-Rialachán. Tá díolacháin intíre de chineál táirge ionadaíoch más ionann méid iomlán na ndíolachán baile den chineál sin táirge le custaiméirí neamhspleácha le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus 5 % ar a laghad de mhéid iomlán na ndíolachán onnmhairiúcháin den chineál táirge comhionann nó inchomparáide leis an Aontas. Bhuígh an Coimisiún nach raibh aon díolacháin intíre ar chor ar bith i gcás líon beag cineálacha táirgí a onnmhairíodh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nó go raibh díolacháin intíre an chineáil táirge sin faoi bhun 5 % de réir toirte agus mar sin nach raibh siad ionadaíoch.

(125) Ina dhiaidh sin shainigh an Coimisiún an cion de dhíolacháin bhrabúsacha le custaiméirí neamhspleácha ar an margadh intíre do gach cineál táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin chun a chinneadh an mbainfear úsáid as díolacháin intíre iarbhír chun an gnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) den bhun-Rialachán.

(196) Tháinig laghdú de 48 % ar líon na bhfostaithe le linn na tréimhse céanna, arbh fhéimheacht Laminorul in 2020 go príomha ba chúis leis, ach bhí treocht anuas den chineál céanna le feiceáil freisin do tháirgeoirí eile an Aontais. An tráth céanna, tháinig laghdú ar tháirgiúlacht (nuair nár cuireadh díolacháin Laminorul san áireamh mar a mhínítear in aithris (176)), rud a d'fhág go raibh costas saothair níos airde in aghaidh an tona plátaí ceannbheannacha cruach.

(197) Mar atá leagtha amach thuas, bhí táscairí eacnamaíocha amhail brabúsacht, sreabhadh airgid agus toradh ar infheistíocht diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chuir sé sin isteach ar chumas thionscal an Aontais oibríochtaí féin-mhaoinithe a dhéanamh, infheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh agus caipiteal a chruinniú, rud a chuir bac ar a fhás agus ag cur bagartha fiú ar a mharthanacht.

(198) Ar bhonn an méid thuas, bhain an Coimisiún de thátal as ag an gcéim seo gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(199) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún cibé an ndearna nó nach ndearna na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh nó nach bhféadfadh fachtóirí aitheanta eile dochar a dhéanamh do thionscal an Aontais ag an am céanna. Chinntigh an Coimisiún nár cuireadh i leith na n-allmhairí dumpáilte aon díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr fachtóirí seachas na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. Ba iad na fachtóirí sin ná allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairithe thionscal an Aontais, paindéim COVID-19 a rinne difear do thomhaltas an Aontais, an méadú ar phraghsanna fuinnimh agus easpa líomhnaithe d'éagsúlacht táirgí.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(200) Scrúdaigh an Coimisiún éabhlóid mhéid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a dtionchar ar thionscal an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán.

5.1.1. *Cainníocht agus sciar den mhargadh na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann*

(201) Tháinig laghdú 30 % ar na cainníochtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig an laghdú sin, mar a mhínítear in aithris (157), i gcomhthráth le laghdú comhchosúil ar thomhaltas an Aontais, a tharla go príomha de bharr phaindéim COVID-19 agus an laghdú a tháinig dá bharr ar an éileamh ar longthógáil agus na hionchuir ghaolmhara amhail plátaí ceannbheannacha cruach. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithrisí (192)-(193), bhí an méadú a breathnaíodh ar mhéideanna allmhairí tar éis 2020 níos mó ná an méadú ar mhéideanna díolacháin an Aontais le linn na tréimhse céanna.

(202) In 2020 chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh, mar gheall go príomha ar mheath Laminorul. Mar a léirítear i dTáblaí 3 agus 6, chuaigh an sciar den mhargadh, a bhí ag Laminorul roimhe seo, chuig an Tuirc agus an tSín go páirteach. Tháinig méadú leanúnach ar an scair den mhargadh a bhí ag na tíortha lena mbaineann idir 2019 agus 2021. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, chaill na tíortha lena mbaineann cuid den sciar den mhargadh a ghnóthaigh siad sna blianta roimhe sin chun leasa thionscal an Aontais. Mar sin féin, cé gur éirigh le tionscal an Aontais cuid den sciar den mhargadh a chaill sé in 2020 a athghnóthú, níl na leibhéil a raibh ann roimh 2020 bainte amach aige go fóill. Mhéadaigh sciar den mhargadh d'allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ó [54,1-61,1] % in 2019 go [57,0-64,0] % le linn na tréimhse imscrúdaithe, i.e. méadú 4 %, agus chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, tá méadú suntasach tagtha ar allmhairí dumpáilte de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán.

5.1.2. *Praghas na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus éifeacht praghais*

(203) Ina theannta sin, rinneadh na hallmhairí sin ar phraghsanna a bhí i bhfad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais thar an tréimhse iomlán faoi bhreathnú. Cé go raibh tionscal an Aontais in ann a chuid praghsanna a ardú ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú chun freastal go páirteach ar phraghsanna méadaithe amhábhar agus ionchuir, ní raibh sé in ann a phraghsanna a mhéadú a mhéid is gá chun a chostais táirgthe a chlúdach. Ag an am céanna, cé gur tháinig méadú freisin ar phraghsanna allmhairí ón tSín agus ón Tuirc le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sé sin go pointe ní ba lú ná praghsanna thionscal an Aontais agus ag tosú ó leibhéal praghsanna níos ísle. Go deimhin, bhí an meánphraghas ar allmhairí ón tSín agus ón Tuirc araon faoi bhun chostais táirgthe thionscal an Aontais ar feadh na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

(204) Mar gheall ar an mbrú praghais a chuir na hallmhairí ar phraghas íseal ón tSín agus ón Tuirc araon, ní raibh de rogha ag tionscal an Aontais ach an socrú praghsanna sin a leanúint chun iarracht a dhéanamh cuid de na méideanna díolacháin a chaill sé in 2020 a athghnóthú, i dtréimhse inar tháinig laghdú ar thomhaltas agus méadú ar chostais táirgthe. Cé gur éirigh le tionscal an Aontais a mhéideanna díolachán a mhéadú tar éis 2020 le linn na tréimhse imscrúdúcháin go dtí 62 % de na leibhéil de 2019, ní raibh sé ábalta é sin a dhéanamh a mhéid céanna leis an méadú ar thomhaltas an Aontais (a bhí le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag 68 % de na leibhéil de 2019) agus allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (ag 70 % de na leibhéil de 2019). Dá bharr sin, d'fhulaing táirgeoir comhoibríoch an Aontais caillteanas leanúnach ar feadh na tréimhse a measadh. Le linn na tréimhse céanna léiríodh forbairt chomh diúltach céanna ar tháscairí airgeadais eile cosúil leis an toradh ar an infheistíocht agus sreabhadh airgid thirim. Cé gur tháinig feabhas ar an toradh ar infheistíocht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sé fós diúltach ar bhonn seasta lena linn sin, agus níor athghnóthaíodh an sreabhadh airgid le linn na tréimhse imscrúdúcháin ach go dtí 4 % de na leibhéal de 2019.

5.1.3. *Nasc cúiseach idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus ón Tuirc, agus an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais*

(205) Tharla an meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais ag an am céanna le láithreacht shuntasach allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann. I gcomhthéacs margaidh atá ag dul i laghad, bhí tionchar diúltach ar staid airgeadais thionscal an Aontais ag sciar méadaithe den mhargadh na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann in éineacht lena meánphraghsanna díolacháin ísle. Cé go raibh tionscal an Aontais in ann téarnamh go pointe áirithe go dtí an tréimhse imscrúdúcháin ón laghdú ar líon na ndíolachán agus ar an sciar den mhargadh a tharla in 2020, ní raibh sé ábalta a bpraghsanna díolacháin a mhéadú go leordhóthanach chun na costais táirgthe a bhí ardaithe go láidir a chumhdach go hiomlán, mar gheall ar an láithreacht mhéadaithe d'allmhairí dumpáilte den táirge lena mbaineann ó na tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba chúis le cosc praghsanna mar gheall ar allmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann.

(206) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chinn an Coimisiún go sealadach gur allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán ba chúis leis an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Bhí tionchar ag an díobháil sin ar mhéid agus ar phraghsanna araon.

5.2. **Éifeachtaí fachtóirí eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(207) Méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile a forbraíodh thar an tréimhse faoi bhreathnú mar seo a leanas:

Tábla 12 —

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An Ríocht Aontaithe	Méid (tona)	[2 000- 2 400]	[2 800- 3 200]	[1 000- 1 400]	[1 700- 2 100]
	Innéacs	*100*	*140*	*51*	*84*
	Sciar den mhargadh (%)	[2,0-4,0]	[5,0-7,0]	[1,5-3,5]	[2,5-4,5]
	Meánphraghas	[700- 800]	[650- 750]	[800- 950]	[1 150- 1 350]
	Innéacs	*100*	*93*	*110*	*167*
Tríú tíortha eile	Méid (tona)	[0-10]	[300- 600]	[200- 500]	[100- 400]
	Innéacs	*100*	*11 295*	*8 086*	*6 324*
	Sciar den mhargadh (%)	[0,0-0,5]	[1,0-1,5]	[0,5-1,0]	[0,3-0,8]
	Meánphraghas	[1 100- 1 200]	[1 100- 1 200]	[700- 850]	[1 100- 1 300]
	Innéacs	*100*	*101*	*73*	*104*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann	Méid (tona)	[2 000- 2 400]	[3 100- 3 800]	[1 200- 1 900]	[1 800- 2 500]
	Innéacs	*100*	*162*	*66*	*97*

	Sciar den mhargadh (%)	[2,0-4,5]	[6,0-8,5]	[2,0-4,5]	[2,8-5,3]
	Meánphraghas	[700- 800]	[700- 800]	[800- 950]	[1 150- 1 350]
	Innéacs	*100*	*100*	*109*	*165*

Foinse: Gearán, freagra ceistneora an ghearánaí, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus Eurostat

(208) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba í an Ríocht Aontaithe an t-aon tríú tír eile ónar allmhairíodh méideanna suntasacha plátaí ceannbheannacha cruach isteach san Aontas. Mar sin féin, ní raibh na plátaí ceannbheannacha cruach a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe ach go páirteach mar an táirge a bhí faoi imscrúdú. Níor tháirg British Steel, an t-aon táirgeoir plátaí ceannbheannacha cruach aitheanta sa Ríocht Aontaithe, ach plátaí de 200 mm ar leithead agus níos airde in 2019, leithead 180 mm agus os a chionn ó 2020, agus faoi láthair freisin ag 160 mm agus os a chionn ([64]). Mar a mhínítear in aithris (154), áirítear leis an bhfaisnéis staidrimh maidir le plátaí ceannbheannacha cruach atá ar fáil in Eurostat don tréimhse faoi bhreathnú gach méid pláta cheannbheannaigh cruach, ní hamháin an táirge atá faoi imscrúdú. Bunaithe ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil sa ghearán, rinne an Coimisiún meastachán ar an gcuid de na méideanna allmhairiúcháin a cláraíodh in Eurostat a bhain leis an táirge lena mbaineann sna blianta éagsúla.

(209) Mar a leagtar amach in aithrisí (157) agus (172), tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann chomh maith le méideanna díolacháin thionscal an Aontais in 2020, sula raibh téarnamh páirteach amach sna blianta ina dhiaidh sin. Ag an am céanna, mhéadaigh allmhairí ón Ríocht Aontaithe le 40 % in 2020, thit siad go dtí leath de líon 2019 in 2021 agus mhéadaigh siad arís go leibhéal 16 % faoi bhun líon 2019. Mhínigh an t-úsáideoir comhoibríoch go dtáirgeann an táirgeoir sa Ríocht Aontaithe plátaí ceannbheannacha cruach (agus onnmhairí) ar bhonn neamhrialta agus ach amháin nuair nach leithdháileann siad a gcumas táirgthe ar tháirgí eile.

(210) Na méaduithe agus laghduithe a breathnaíodh ar mhéideanna allmhairí ón Ríocht Aontaithe, níorbh ionann iad agus laghdú comhthreomhar agus méadú ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann nó ó dhíolacháin thionscal an Aontais. Ina theannta sin, bhí praghsanna allmhairí ón Ríocht Aontaithe i bhfad níos airde ná leibhéal praghsanna allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach ó na tíortha lena mbaineann, agus gar do phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(211) I bhfianaise an mhéid thuas agus i bhfianaise na méideanna móra allmhairí ar phraghsanna ísle ó na tíortha lena mbaineann i gcomparáid leo siúd ó thríú tíortha eile, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as nár laghdaigh allmhairí ó thríú tíortha eile an nasc cúiseach idir an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(212) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mhéid na n-onnmhairí ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13 —

Feidhmíocht onnmhairiúcháin de tháirgeoirí an Aontais

	2019	2020	2021	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	[1 700-2 100]	[1 600-2 000]	[800-1 000]	[300-500]
Innéacs	*100*	*93*	*46*	*17*

([64]) Féach ar an ngearán Iarscríbhinn F.7.8, atá ar fáil sa chomhad oscailte, agus an bróisiúr plátaí ceannbheannacha cruach de chuid British Steel, atá ar fáil anseo: https://britishsteel.co.uk/what-we-do/special-profiles/bulb-flats/ (rochtain dheireanach faighte an 14 Aibreán 2023).

Meánphraghas (EUR/tona)	[800-900]	[700-800]	[1 200-1 350]	0 (*)
Innéacs	*100*	*94*	*161*	*0* (*)

Foinse: Eurostat, gearánach agus sonraí fíoraithe maidir le méideanna onnmhairithe, meánphraghas ón ngearánach
(*) Ní raibh aon onnmhaire ag an ngearánach le linn na tréimhse imscrúdúcháin

(213) Tháinig laghdú leanúnach ar onnmhairí thionscal an Aontais ó 2019 go méideanna diomaibhseacha le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thug tionscal an Aontais aird ar an titim dhomhanda ar thomhaltas tar éis phaindéim COVID-19 mar chúis leis an laghdú seo, chomh maith leis an iomaíocht go háirithe onnmhairí na Tuirce ar phraghas íseal a tharla ní hamháin ar an margadh intíre ach ar mhargaí tríú tíortha freisin.

(214) Ní raibh in onnmhairí ach cuid bheag de dhíolacháin fhoriomlána thionscal an Aontais, b'ionann iad agus [5-9] % dá tháirgeadh in 2019 agus laghdaigh siad go [3-1] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh an laghdú ar fheidhmíocht onnmhairithe cur leis an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais, mar a líomhain Rialtas na Tuirce freisin ina chuid tuairimí ar thionscnamh, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as, ag féachaint don sciar ard de dhíolacháin an Aontais i gcomparáid le díolacháin onnmhairiúcháin le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, níor mhaolaigh an laghdú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais.

5.2.3. *Paindéim COVID-19 agus tomhaltas laghdaithe*

(215) Ina gcuid tuairimí ar an tionscnamh, chuir Rialtas na Tuirce, Özkan agus Fincantieri go léir in iúl gur chuir paindéim COVID-19 agus an laghdú comhthreomhar ar an tomhaltas, gur chuir siad leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais nó ba chúis leis an díobháil sin. Mar a léirítear i dTábla 2, tháinig laghdú 32 % ar thomhaltas plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú, a bhí nasctha go príomha le paindéim COVID-19, mar a leagtar amach in aithris (149). An tráth céanna, áfach, ba mhó fós an laghdú a tháinig ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, óir ba laghdú 38 % a bhí ann sin. Ina theannta sin, bhí cás díobhálach ann de bharr líon suntasach allmhairí ar phraghsanna faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais in 2019 cheana féin, agus ní raibh an tionchar ag paindéim COVID-19 le brath ach ó 2020 ar aghaidh. Dá bhrí sin, seachas mar chúis le staid dhíobhálacha thionscal an Aontais, ba cheart go mbreathnófaí ar phaindéim COVID-19 agus an laghdú ar thomhaltas plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas mar fhachtóir níos measa in 2020.

(216) Ar an mbonn sin, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as nár laghdaigh éabhlóid thomhaltas an Aontais an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais.

5.2.4. *Méadú ar phraghsanna fuinnimh*

(217) Mhaígh Rialtas na Tuirce gur chuir an méadú ar phraghsanna fuinnimh ó dheireadh 2021 i leith, agus go háirithe in 2022 mar gheall ar an ionsaí míleata a rinne Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, isteach ar chás díobhálach an ghearánaigh agus nár cheart é a chur i leith allmhairí ó na tíortha lena mbaineann.

(218) Mar a léirítear i dTábla 8, áfach, bhí tionscal an Aontais in ann a bpraghsanna díolacháin a mhéadú ó EUR [1 000-1 150] go [1 200-1 400] idir 2021 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Sháraigh an méadú seo de thart ar 24 % an t-ardú ar chostas táirgthe le linn na tréimhse céanna, rud a thugann le fios go bhféadfaí an méadú ar chostais nó ar phraghsanna fuinnimh a chur ar aghaidh chuig na custaiméirí. Mar sin féin, ní raibh tionscal an Aontais fós in ann a phraghsanna díolacháin a mhéadú chun a chostas iomlán táirgthe a chlúdach go hiomlán, i ngeall ar an mbrú praghais a chuir na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann i gcónaí.

(219) Mar a mhínítear in aithrisí (163), (180) agus (181) thuas, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna díolacháin a choigeartú go leordhóthanach chun staid bhrabúsach a bhaint amach le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Ós rud é gur breathnaíodh an patrún seo le linn tréimhse fada ama, níorbh fhéidir é a mhíniú ach leis an méadú ar chostais fuinnimh le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tagann an dodhéantacht seo chun praghsanna díolacháin a choigeartú i gcomhthráth leis an méadú ar sciar den mhargadh na n-allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann ag leibhéil shuntasacha tearcghearrtha, rud a chuir faoi chois praghsanna díolacháin thionscal an Aontais, rud a chuir cosc ar thionscal an Aontais filleadh ar staid bhrabúsach.

(220) Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún de thátal sealadach as nach bhféadfadh éabhlóid na bpraghsanna fuinnimh a bheith ina chúis leis an díobháil a d'fhulaing tionscal an Aontais.

5.2.5. *Éagsúlú táirgí*

(221) Mhaígh Özkan gurb é ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais go páirteach ná gur cleachtas ginearálta san earnáil longthógála gach méid agus cineál éagsúil pláta cheannbheannaigh cruach a cheannach le haghaidh tionscadal ar leith ón bhfoinse chéanna, ar mhaithe le hinrianaitheacht níos éasca. Ós rud é nár tháirg tionscal an Aontais ach suas le 204 mm ar leithead phlátaí ceannbheannacha cruach ní raibh, de réir Özkan, an buntáiste iomaíoch a bhí ag Özkan ó tháirg sé plátaí ceannbheannacha cruach de gach méid.

(222) Mar sin féin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhianaise ar chleachtas na dtógálaithe long líomhnaithe gach pláta ceannbheannach cruach a cheannach cothrom ó fhoinse amháin, agus níor chuir Özkan an fhianaise sin ar fáil. Os a choinne sin, chuir an t-úsáideoir comhoibríoch agus an t-allmhaireoir neamhghaolmhar araon aighneachtaí ar fáil inar luaigh siad go raibh gá le foinse soláthair éagsúlaithe, in ionad a bheith ag brath ach ar sholáthraí amháin. Thug an t-úsáideoir le fios freisin gur cheannaigh siad plátaí ceannbheannacha cruach go ginearálta ar bhonn stoic, go bhféadfaí gach pláta ceannbheannach cruach den mhéid céanna a úsáid go hidirmhalartaithe neamhspleách ar a bhfoinse, agus nach raibh ceannacháin nasctha le tionscadal ar leith.

(223) Ina theannta sin, tá infheistíocht déanta ag tionscal an Aontais in éagsúlú táirgí le blianta beaga anuas trína raon méideanna na bplátaí ceannbheannacha cruach a leathnú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Maidir leis seo, chuir Fincantieri a chuid tuairimí in iúl do sliocht sa ghearán inar luaigh an gearánach *'tá sé níos saoire suas le leithead ainmniúil de 180mm a tháirgeadh*'. Dá bhrí sin cheistigh Fincantieri cinneadh an ghearánaigh infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh méideanna níos mó agus mhaígh sé gur chuir sé le brabúis laga thionscal an Aontais.

(224) Mar sin féin, contrártha leis an méid thuas, léirigh an gearán agus sonraí fíoraithe an ghearánaigh araon go bhfuil táirgeadh méideanna níos mó plátaí ceannbheannacha cruach níos eacnamaí, toisc go dteastaíonn níos lú rollta agus go bhfuil sé níos éifeachtúla ó thaobh ama de. I mír 1.3 den ghearán luaigh sé freisin *'dá laghad méid an phláta cheannbheannaigh cruach, is airde an costas*'. Thabharfadh sé sin le fios go gcuirfeadh straitéis éagsúlaithe thionscal an Aontais san am a chuaigh thart go dearfach lena staid bhrabúsachta seachas rannchuidiú leis an díobháil a fulaingíodh.

(225) Chinn an Coimisiún go sealadach mar sin nach raibh an easpa líomhnaithe éagsúlú líomhnaithe i gcineálacha plátaí ceannbheannacha cruach i dtionscal an Aontais de chineál go maolódh sé an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain le tionscal an Aontais.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(226) Tháinig meath foriomlán ar staid airgeadais thionscal an Aontais idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an meath seo suntasach go háirithe in 2020, agus ina dhiaidh sin tháinig feabhas ar an scéal go pointe áirithe go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Ag deireadh na tréimhse lena mbaineann, áfach, bhí tionscal an Aontais fós ag déanamh caillteanais agus ní raibh sé fós de chumas air athshlánu go dtí na leibhéil a raibh ann roimh 2020. Tharla na cúinsí diúltacha sin ag an am céanna agus sciar méadaithe den mhargadh d'allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach ó na tíortha lena mbaineann, a rinneadh ar phraghsanna dumpáilte, a mhéadaigh ach níos lú ná iad siúd ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a luadh i Roinn 5.1 thuas.

(227) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeachtaí na bhfachtóirí uile is eol ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Ba theoranta amháin an éifeacht d'allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairithe thionscal an Aontais, paindéim COVID-19 a dhéanann difear do thomhaltas an Aontais, an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh agus easpa líomhnaithe éagsúlachta táirgí ar fhorbairtí diúltacha thionscal an Aontais i dtéarmaí méideanna táirgeachta, praghsanna díolacháin agus brabúsacht.

(228) Ar bhonn an méid thuas, bhain an Coimisiún de thátal as ag an bpointe seo gur díobháil ábhartha do thionscal an Aontais ba chúis leis na hallmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann agus nár leor na fachtóirí eile, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, chun an nasc cúiseach idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a mhaolú.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(229) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún an leor dleacht níos ísle ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil a dhéanann allmhairí dumpáilte chuig tionscal an Aontais.

6.1. **Corrlach díobhála**

(230) Chuirfí deireadh leis an díobháil dá mbeadh Tionscal an Aontais in ann spriocbhrabús a fháil trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagail 7(2c) agus 7(2d) den bhun-rialachán.

(231) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: an leibhéal brabúsachta roimh mhéadú na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann, an leibhéal brabúsachta is gá chun costais iomlána agus infheistíochtaí, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht a chlúdach, agus an leibhéal brabúsachta a mbeifear ag súil leis faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta. Níor cheart go mbeadh an corrlach brabúis sin níos ísle ná 6 %.

(232) Ba é an táirgeoir comhoibríoch de chuid an Aontais a bhain caillteanas le linn na tréimhse iomlán faoi bhreathnú. Mhol an gearánach spriocbhrabús 7,4 %, bunaithe ar an mbrabús a baineadh amach ar a línte táirge eile in 2019. Mar sin féin, mheas an Coimisiún gur bhain na línte táirge eile le hinsí feithicleacha agus próifílí speisialta, ar táirgí iad ar phraghas níos airde, ar tháirgí níos casta agus ar tháirgí speisialaithe do chustaiméirí. Dá bhrí sin, bunaíodh an corrlach brabúis go sealadach ag 6 % i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán.

(233) Ar an mbonn sin, is é EUR [1 300] - [1 600] an praghas neamhdhíobhálach in aghaidh an tona plátaí ceannbheannacha cruach, a eascraíonn as an gcorrlach brabúis thuasluaite de 6 % a chur i bhfeidhm ar chostas an táirgthe le linn thréimhse imscrúdúcháin an táirgeora chomhoibríoch de chuid an Aontais.

(234) Chinn an Coimisiún ansin leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáide idir mheánphraghas ualaithe allmhairithe na dtáirgeoirí onnmhairithe comhoibríocha sna tíortha lena mbaineann, arna bhunú le haghaidh ríomh sladghearrtha praghais, le meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoir comhoibríoch an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid seo mar chéatadán de mheánluach ualaithe CIF allmhairithe.

(235) Sainmhínítear an leibhéal díothaithe díobhála do 'gach cuideachta eile' ar an mbealach céanna leis an gcorrlach dumpála do na cuideachtaí sin (féach aithrisí (120) i gcás Dhaon-Phoblacht na Síne agus aithris (141) i gcás na Tuirce).

Tír	Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)	Corrlach díobhála sealadach (%)
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %	21,7 %
	Gach cuideachta eile	14,7 %	21,7 %
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %	30,0 %
	Gach cuideachta eile	13,6 %	30,0 %

6.2. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(236) Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart dleachtanna sealadacha frithdhumpála a shocrú mar atá thíos i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %
	Gach cuideachta eile	14,7 %
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %
	Gach cuideachta eile	13,6 %

7. **LEAS AN AONTAIS**

(237) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(238) Tá dhá chuideachta ag táirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas. Fostaíonn siad [130-160] oibrí go díreach, agus tá siad lonnaithe sa Spáinn agus san Iodáil. In 2019 bhí táirgeoir amháin breise de chuid an Aontais fós ann, atá lonnaithe sa Rómáin. Mar thoradh air sin, bhí an fhostaíocht dhíreach iomlán maidir le plátaí ceannbheannacha cruach in 2019 beagnach dhá oiread líon na bhfostaithe le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(239) Fuarthas amach san imscrúdú gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhforchuirfí bearta ligfí do thionscal an Aontais a sciar den mhargadh a choinneáil, táirgeadh agus úsáid acmhainne a mhéadú, praghsanna a ardú chun costais táirgthe a chlúdach agus leibhéal brabúsachta a bhaint amach a mbeifí ag súil leis faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta. Chuirfeadh sé sin ar thionscal an Aontais filleadh ar staid inbhuanaithe agus ligfeadh dó infheistíochtaí a dhéanamh amach anseo.

(240) Is dócha go gcaillfí tuilleadh sciar den mhargadh agus meath ar an mbrabúsacht as neamh-fhorchur beart, rud a bhí diúltach cheana féin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chúis le dúnadh breise saoráidí táirgthe agus dífhostú, rud a chuirfeadh inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol. Tá sé seo ábhartha go háirithe i bhfianaise nach bhfuil ach beirt tháirgeoir de chuid an Aontais fágtha faoi láthair, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad araon.

(241) Chinn an Coimisiún go sealadach, dá bhrí sin, go mbeadh sé chun leasa thionscal an Aontais bearta sealadacha frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann.

7.2. **Leas úsáideoirí agus allmhaireoirí neamhghaolmhara**

(242) Le linn an imscrúdaithe níor tháinig ach allmhaireoir amháin nach raibh gaol aige leis, Baglietto, chun tosaigh agus thug sé freagra ar an gceistneoir. Ar an drochuair, in ainneoin roinnt leasuithe ar fhreagra an cheistneora bhí an méid faisnéise a bhí fós neamhiomlán, lena n-áirítear an chuid insinte den fhreagra, chomh mór sin go raibh an freagra ró-easnamhach le glacadh san imscrúdú. D'aontaigh an t-allmhaireoir go gcuirfeadh sé aighneacht ar fáil ina ionad sin maidir le díobháil agus leas an Aontais. Ina aighneacht, chuir Baglietto i gcoinne na mbeart frithdhumpála, toisc gur mhaígh sé go gcuirfeadh bearta den sórt sin teorainn le hinfhaighteacht plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas agus go bhféadfadh siad, dá bhrí sin, staid déoplachtach nó monaplacht a chruthú ar mhargadh an Aontais.

(243) Tháinig beirt úsáideoir ar aghaidh freisin agus chuir siad freagraí ar an gceistneoir ar fáil. Bhí freagra úsáideoir amháin ró-easnamhach le glacadh san imscrúdú, agus glacadh le freagra an úsáideora Fincantieri agus fíoraíodh é ar an láthair. Is é Fincantieri an chuideachta longthógála is mó san Aontas agus mar sin tá sé ar cheann de na húsáideoirí is tábhachtaí den táirge atá á imscrúdú.

(244) Mhaígh Fincantieri, ar an gcéad dul síos, dá gcuirfí bearta frithdhumpála i bhfeidhm nach mór an margadh a dhúnadh d'allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach agus go mbeadh baol ann go mbeadh ganntanas soláthair ann, go háirithe do mhéideanna comhréidh den phláta ceannbheannach cruach idir leithead 160 – 200 mm, rud nár tháirg ach táirgeoir Aontais amháin. Ar an dara dul síos, d'áitigh an t-úsáideoir go ndéanfaí an easpa infhaighteachta ar mhargadh an Aontais níos measa dá gcuirfí bearta i bhfeidhm. De réir Fincantieri, níl i ndóthain acmhainne ag tionscal an Aontais chun riachtanas na hearnála longthógála ar fad a shásamh. Ina theannta sin, bhí moilleanna agus saincheisteanna lóistíochta ag bagairt ar sholáthairtí thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chuir iallach ar Fincantieri glacadh le hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann mar an rogha dheiridh. Ar an tríú dul síos, dúirt Fincantieri, seachas na tíortha lena mbaineann, nach bhfuil aon soláthraí iontaofa eile ann maidir le plátaí ceannbheannacha cruach.

(245) I dteannta leis an allmhaireoir agus leis an úsáideoir, d'áitigh Rialtas na Tuirce freisin go dtiocfadh staid mhonaplachta ar mhargadh an Aontais dá gcuirfí bearta frithdhumpála i bhfeidhm. Mar an gcéanna, thug Rialtas na Tuirce aird ar na bearta cosanta atá ann cheana maidir le hallmhairí táirgí cruach, lena n-áirítear plátaí ceannbheannacha cruach, a thugann cosaint leordhóthanach cheana féin do thionscal an Aontais dar leo.

(246) Go bunúsach, bhain na príomhargóintí a chuir an t-úsáideoir, an t-allmhaireoir agus Rialtas na Tuirce ar aghaidh go bhfuil eagla ar pháirtithe faoi bhaol ganntanas soláthair agus go mbeadh staid mhonaplachta orthu ar mhargadh an Aontais má fhorchuirtear bearta frithdhumpála. Mar sin féin, is é an aidhm agus an éifeacht atá beartaithe le bearta frithdhumpála a fhorchur gan margadh an Aontais d'allmhairí ó thríú tíortha a dhúnadh riamh. Tá sé mar aidhm leis deireadh a chur le héifeachtaí saobhadh trádála na dumpála díobhálaí agus, ar an gcaoi sin, an iomaíocht agus cothrom na Féinne a thabhairt ar ais do tháirgeoirí an Aontais. Toisc nár oibrigh tionscal an Aontais faoi lánacmhainneacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tugadh le tuiscint go bhféadfadh táirgeoirí an Aontais níos mó plátaí ceannbheannacha cruach a dhíol ar mhargadh an Aontais.

(247) Ina theannta sin, níor tugadh le fios nach mbeidh allmhaireoirí ná úsáideoirí in ann an méadú praghais a bheadh mar thoradh ar bhearta frithdhumpála a fhorchur a ionsú. Níor cheadaigh an fhaisnéis a chuir Baglietto ar fáil a chinneadh cibé an bhféadfadh allmhaireoirí an dleacht frithdhumpála atá beartaithe a ionsú.

(248) Mar sin féin, léiríodh leis na sonraí fíoraithe agus ráitis an úsáideora chomhoibríoch nach mbeadh costas méadaithe plátaí ceannbheannacha cruach chun aimhleas na n-úsáideoirí. B'ionann plátaí ceannbheannacha cruach ó na tíortha lena mbaineann agus níos lú ná 10 % de na ceannacháin iomlána a rinne an t-úsáideoir plátaí ceannbheannacha cruach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ina theannta sin, b'ionann costas plátaí ceannbheannacha cruach agus cuid diomaibhseach de chostas iomlán táirgthe Fincantieri (níos lú ná 0,5 %) do na táirgí go léir a chuimsíonn plátaí ceannbheannacha cruach. Dá bhrí sin, meastar go mbeidh aon tionchar a bheidh ag costas méadaithe plátaí ceannbheannacha cruach ar chorrlach brabúis mór Fincantieri an-teoranta.

(249) Thairis sin, maidir le heaspa foinsí soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann, mura ndéanfaí bearta frithdhumpála a fhorchur, bheadh sé sin chun dochair do staid airgeadais thionscal an Aontais agus d'fhéadfadh go mbeadh sé mar chúis leis an mbeirt táirgeoirí de chuid an Aontais atá fágtha athmheasúnú a dhéanamh ar a straitéisí infheistíochta agus díriú ar a gcuid línte táirgeachta eile atá níos brabúsaí faoi láthair, rud a chuirfí deireadh go héifeachtach le táirgeadh plátaí ceannbheannacha cruach san Aontas.

(250) Faoi imthosca den sórt sin, bheadh allmhaireoirí an Aontais agus úsáideoirí plátaí ceannbheannacha cruach ag brath go hiomlán ar allmhairí ó thríú tíortha nach mbaineann, de réir na bpáirtithe go léir, ach leis an tSín agus leis an Tuirc amháin i ndáiríre. Ionas nach mbeidh siad ag brath ar allmhairí ach ó líon an-teoranta soláthraithe tríú tíortha, tá gá le foinse éagsúlaithe soláthair, lena n-áirítear foinsí soláthair laistigh den Aontas. Trí dhleachtanna frithdhumpála a fhorchur, a d'athbhunófaí iomaíochas agus cothrom na Féinne, chinnteodh éagsúlú agus an fhéidearthacht rogha foinse soláthair a d'iarr na páirtithe go léir.

(251) I bhfianaise an méid atá thuasluaite, diúltaíodh go sealadach do na héilimh maidir le heaspa foinsí soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann agus cás déoplachta/monaplachta a d'fhéadfadh a bheith ann.

(252) Mar a luaitear in aithris (245), rinne Rialtas na Tuirce an argóint bhreise go bhfuil tionscal an Aontais á chosaint cheana féin trí na bearta cosanta atá i bhfeidhm faoi láthair i gcoinne táirgí cruach, lena n-áirítear plátaí ceannbheannacha cruach ([65]). Mar sin féin, is bearta sealadacha iad na bearta coimirce agus tá réasúnaíocht agus oibiachtúlacht éagsúil acu ná mar a bhaineann le bearta frithdhumpála. Dá bhrí sin, diúltaíodh go sealadach don éileamh seo a bhaineann leis na bearta cosanta.

7.3. **Conclúid ar leas an Aontais**

(253) Ar bhonn an méid thuas, bhain an Coimisiún de thátal as nach raibh aon chúiseanna láidre ann nach raibh sé chun leasa an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh na Síne agus na Tuirce ag an gcéim seo den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(254) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur ar dhíobháil bhreise do thionscal an Aontais de bharr allmhairí dumpáilte.

(255) Ba cheart bearta sealadacha frithdhumpála a fhorchur ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce, i gcomhréir leis an riail maidir le dleacht níos lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún comparáid idir na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála (aithrisí (229) - (236) thuas). Socraíodh méid na ndualgas ar an leibhéal is ísle den dumpáil agus na corrlaigh díobhála.

(256) I bhfianaise an mhéid thuas ba cheart na rátaí dleachta frithdhumpála shealadaigh, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht chustaim neamhíoctha, a bheith mar a leanas:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %
	Gach cuideachta eile	14,7 %
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %
	Gach cuideachta eile	13,6 %

(257) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna frithdhumpála a fhorghníomhú i gceart, ba cheart feidhm a bheith ag an dleacht frithdhumpála do gach cuideachta eile ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach maidir leis na táirgeoirí nach ndearna onnmhairí chuig an Aontas le linn an tréimhse imscrúdúcháin.

9. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(258) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoin bhforchur atá beartaithe ar dhleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(259) Luaigh an táirgeoir onnmhairiúcháin Turcach gur slánaíodh na cainníochtaí díolacháin intíre go dtí na figiúirí is gaire go hearráideach, arbh é ba chúis le corrlach dumpála ab airde. Tar éis na hanailíse, ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus cheartaigh sé an earráid trí úsáid a bhaint as figiúirí nár slánaíodh go na figiúirí is gaire. Ba é an toradh a bhí air sin athrú ar an gcorrlach frithdhumpála sealadach ó 14,3 % go 13,6 %.

([65]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/978 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 lena bhforchuirtear beart cosanta cinntitheach ar allmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 167, 24.6.2022, lch. 58).

(260) Thug an táirgeoir onnmhairiúcháin Changshu Longteng a bharúlacha freisin, ach níor bhain siad le cruinneas na ríomhanna. Déileálfar leis na barúlacha sin ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

10. **FORÁLACHA DEIRIDH**

(261) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(262) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur dleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach neamh-chóimhiotail sa raon suas le 204 mm ar leithead, a thagann faoi láthair faoi chód CN ex 7216 50 91 (cód TARIC 7216 50 91 10) agus de thionscnamh Phoblacht Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce.

2. Is mar a leanas a bheidh dleacht frithdhumpála shealadach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Changshu Longteng Special Steel Co., Ltd.	14,7 %	899J
Daon-Phoblacht na Síne	Gach cuideachta eile	14,7 %	8999
An Tuirc	Türkiye Özkan Demir Çelik Sanayi A.Ş	13,6 %	899K
An Tuirc	Gach cuideachta eile	13,6 %	8999

3. Beidh scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas den táirge dá dtagraítear i mír 1 faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha ábhartha maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a mbarúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo iarradh ar éisteacht leis an gCoimisiún, iarrfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirfear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus féadfaidh an t-oifigeach sin cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh Airteagal 1 i bhfeidhm ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.ss

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN